



# Leanaí a Chosaint

## Lámhleabhar do Pharóistí



Cúige an Iarthair



## Leanaí a Chosaint

---

## Brollach

Tá an-áthas ar Easpag Chúige Eaglasta Thuama an **"Lámhleabhar do Pharóistí le Leanaí a Chosaint"** a chur i láthair. Is é is aidhm leis an treoirleabhar seo cur chun feidhme an dea-chleachtais a éascú maidir le leanaí a chosaint i ngach paróiste sna sé dheoise de Chúige an Iarthair: **Ard-Deoise Thuama; Deoise Achadh Conaire; Deoise Chluain Fearta; Deoise Ail Finn; Deoise Chill Ala; agus Deoise na Gaillimhe, Chill Mhic Dhuach agus Chill Fhionnúrach.**

**I Mí an Mhárta 2016, d'fhoilsigh an Bord Náisiúnta um Páistí a Chosaint san Eaglais Chaitliceach in Éirinn (an Bord) "Safeguarding Children Policy and Standards for the Catholic Church in Ireland"** ina gcuimsítear ráiteas beartais agus creat de sheacht gcinn de chaighdeáin cosanta leanaí mar aon le táscairí chun tacú lena chur chun feidhme, agus baineann siad le gach duine de phearsanra na heaglaise.

Thar ceann ár ndeoisí faoi seach, mar chuid den Eaglais Chaitliceach in Éirinn, táimid tiomanta do leanaí a chosaint agus cloífidimid leis an mbeartas seo de chuid an Bhoird. Cloímid leis na seacht gcaighdeán agus leis na táscairí infheidhme inar ministreacht go léir agus i ngach aon teagmháil le leanaí.

Soláthraítear an creat cleachtais le beartas agus caighdeáin an Bhoird, trí chur chuige Eaglaise uile i leith na cosanta leanaí, rud a chinnteoidh go n-úsáidfeadh na prionsabail, na nósanna imeachta agus na cleachtais chéanna chun leanaí a chosaint agus chun freagairt do líomhaintí nó amhrais maidir le mí-úsáid leanaí ar gach leibhéal agus i ngach áit ar fud na hEaglaise Caitlicí in Éirinn.

Ina theannta sin, tá treoir fairsing foilsithe ag an mBord maidir le conas is ceart gach ceann de na seacht gcaighdeán a chur i bhfeidhm. Cuid den treoir sin atá sa **Lámhleabhar seo do Pharóistí maidir le Leanaí a Chosaint**, agus cuimsítear ann na codanna is tábhachtaí maidir le cosaint leanaí i gcomhthéacs an pharóiste. Mar sin féin, níl sé i gceist go n-úsáidfí an doiciméad as féin ná go mbeadh sé ar an aon fhoinse thagartha amháin chun leanaí a chosaint. Ina áit sin, ba cheart é a léamh i gcomhar le **Safeguarding Children Policy and Standards for the Catholic Church in Ireland** agus na doiciméid treorach a ghabhann leis atá foilsithe ag an mBord. Beidh an leagan is úire le fáil sa rannán cosanta ar láithreáin ghréasáin ár ndeoisí faoi seach agus ar láithreán gréasáin an Bhoird.

Aithnímid an obair mhór atá déanta le roinnt mhaith de bhlianta anuas agus an dea-chleachtas atá á fhorbairt ar bhonn leanúnach ar fud na hEaglaise in Éirinn ach, mar sin féin, ba mhaith linn ár dtiomantas iomlán daingean a athdhearbhú uair amháin eile d'obair seo na cosanta leanaí. Cuimhnímid inár gcuid smaointe agus inár gcuid paidreacha ar an iliomad daoine a d'fhulaing mí-úsáid agus a tháinig tríd. Ní hé seo an t-am le bheith réchúiseach faoi sin. Ina ionad sin, ní mór dúinn treabhadh chun tosaigh agus forbairt a dhéanamh ar an obair atá déanta go dtí seo agus leanúint de bheith ag foghlaim agus dár gcleachtas a fheabhsú. Ar an gcaoi sin, áiritheoidimid cosaint na leanaí agus cosaint phearsanra na hEaglaise, agus sláine na hEaglaise agus a misin.

Tá súil agam go mbeidh an lámhleabhar seo ina thacaíocht phraiticiúil do gach duine inár bparóistí agus iad ag leanúint d'obair na cosanta leanaí. Gabhaimid buíochas leis na Sagairt, na hIonadaithe Cosanta Áitiúla, na Coistí Cosanta, na Teagmhálaithe Ainmnithe, na hOiliúinóirí Cosanta, agus na Daoine Tacaíochta as a dtiomantas agus as a ndíograis.

Cuirimid cúram na hoibre leanúnaí ríthábhachtaí seo ar Mhuire Mháthair trína hidirghuí, agus guímid ar son athnuachan na hEaglaise, go háirithe i measc daoine óga

† Michael Neary, Ardeaspag Thuama

† Brendan Kelly, Easpag Achadh Conairea

† John Kirby, Easpag Chluain Fearta

† Kevin Doran, Easpag Ail Finn

† John Fleming, Easpag Chill Ala

An Canónach Michael McLoughlin, Riarthóir Dheoise na Gaillimhe, Cill Mhic Dhuach agus Chill Fhionnúrach



Leanaí a Chosaint

---

# Clár Ábhair

<b>Ráiteas Beartais</b> .....	3
<b>Caighdeán 1 - Timpeallachtaí sábháilte a chruthú agus a chothabháil</b> .....	5
1.0 Earcú sábháilte.....	6
1.1 Grinnfhiosrúchán trí Bhiúró Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.....	7
1.2 Daoine den chléir atá ar cuairt nó daoine atá ar cuairt a bhaineann leis an saol naofa a aon bhealach ar mian leo ministreacht a dhéanamh san Eaglais Chaitliceach in Éirinn.. ..	11
1.3 Cóid Iompair .....	12
1.4 Déileáil le bulaíocht .....	14
1.5 Cúram sábháilte a chinntiú do leanaí.....	15
1.6 Déileáil le timpistí.....	16
1.7 Cóimheasa maoirseachta leordhóthanaí a choinneáil.....	17
1.8 Teagmháil duine ar dhuine le leanaí/daoine óga.....	17
1.9 Gradam an Phápa Eoin Pól II .....	18
1.10 Rannpháirtíocht leanaí/daoine óga a bhfuil sainriachtanais acu.....	18
1.11 Turais as baile le leanaí/daoine óga .....	20
1.12 Úsáid mhaoin na hEaglaise agus grúpaí seachtracha.....	22
1.13 Sceithireacht.....	23
1.14 Nósanna imeachta chun gearáin a dhéanamh maidir le hábhair imní i ndáil le cúrsaí cosanta nach líomhaintí mí-úsáide iad .....	23
1.15 Measúnú guaise ar ghníomhaíochtaí le leanaí/daoine óga.....	24
1.16 Úsáid na teicneolaíochta.....	25
1.17 Coimeád agus stóráil taifead .....	31
<b>Caighdeán 2 - Nósanna imeachta chun freagairt d'amhras, ábhair imní, eolas nó líomhaintí maidir le cosaint leanaí</b> .....	33
2.0 Mí-úsáid a aithint.....	34
2.1 Eolas a fháil ar mhí-úsáid.....	34
2.2 Comhroinnt faisnéise agus rúndacht.....	34
2.3 Líomhaintí mí-úsáide a thuairisciú.....	34
2.4 Conas freagairt do leanbh a nochtann mí-úsáid .....	36
2.5 Freagairt d'ábhair imní / nochtuithe / líomhaintí ó dhuine fásta.....	38
2.6 Freagairt do líomhain faoi mhí-úsáid a dhéantar go hanaithnid.....	38
2.7 Freagairt do dhuine (tuata nó reiligiúnach) a admhaíonn go ndearna sé/sí mí-úsáid ar leanbh 38	
2.8 Freagairt do dhuine ag déanamh líomhna nach mbaineann le duine den Eaglais .....	38
2.9 Tuairisciú mí-úsáide agus Sacraimint an Athmhuintearais .....	38
2.10 Freagairt do ghearánach atá míshásta leis an gcaoi ar láimhseáil Údarás na hEaglaise a g(h)earán .....	40
2.11 Crostagairt beartas agus nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí.....	40
<b>Caighdeán 3 - Cúram agus tacaíocht don ghearánach</b> .....	41

<b>Caighdeán 4 – Cúram agus tacaíocht don fhreagróir, agus bainistiú an fhreagróra</b> .....	43
<b>Caighdeán 5 – Oiliúint agus tacaíocht chun leanaí a choinneáil sábháilte</b> .....	45
5.0 Leibhéil oiliúna .....	46
5.1 Cé air a bhfuil oiliúint de dhíth? .....	46
5.2 Cathain is ceart athoiliúint a chur ar phearsanra? .....	46
5.3 Feasacht ar chosaint leanaí a mhúscailt le leanaí agus le Tuismitheoirí/Caomhnóirí san Eaglais .....	47
5.4 Tacaíocht do phearsanra chosanta .....	47
<b>Caighdeán 6 – Teachtaireacht chosanta na hEaglaise a chur in iúl</b> .....	49
6.0 Beartas cumarsáide .....	50
<b>Caighdeán 7 – Cáilíocht lena n-áirithítear comhlíonadh na gcaighdeán</b> .....	53
7.0 Iniúchadh Áitiúil ar Chosaint .....	54
7.1 Athbhreithniú tréimhsiúil an Bhoird Náisiúnta um Páistí a Chosaint san Eaglais Chaitliceach .....	54
7.2 Tacaíocht do pharóistí agus cuairt chigireachta .....	54
<b>Aguisín A</b> .....	55
Treoirlínte grinnfhiosrúcháin .....	56
Cuireadh chun Grinnfhiosraithe .....	57
Foirm toilithe do thuismitheoirí/chaomhnóirí (NVB 3) .....	59
Seicliosta aitheantais (grinnfhiosrúchán) .....	60
Seicliosta earcaíochta agus roghnúcháin .....	62
Foirm Iarratais SG-01 .....	64
Foirm Dhearbhaithe SG-02 .....	67
Foirm comhaontaithe maidir le cosaint SG-03 .....	68
Foirm comhthoilithe do leanaí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí SG-04 .....	69
Foirm tuairiscithe ar thimpiste/eachtra SG-05 .....	71
Foirm measúnaithe guaise SG-06 .....	73
Foirm maidir le maoin na hEaglaise in úsáid ag grúpaí seachtracha SG-07 .....	74
Foirm maidir le gearáin ghinearálta SG-08 .....	76
Foirm Atreorúcháin um Chosaint Leanaí SG-09 .....	77
<b>Aguisín B</b> .....	81
Foirm iarratais agus toilithe – Gradam an Phápa Eoin Pól II .....	82
<b>Aguisín C</b> .....	87
Róil agus freagrachtaí .....	88
<b>Faisnéis teagmhála do na deoisí</b> .....	89

# Ráiteas Beartais


## Ráiteas Beartais maidir le Cosaint Leanaí ó bhail den Eaglais Chaitliceach in Éirinn



Mar bhall den Eaglais Chaitliceach in Éirinn, aithnímid dínit agus cearta gach linbh agus seasaimid leo, táimid tiomanta dá sábháilteacht agus leas a chinntiú, agus oibreoimid i gcomhpháirt le tuismitheoirí/caomhnóirí chun é sin a bhaint amach.

Aithnímid gur bronntanas ó Dhia é gach leanbh, agus is mór againn agus spreagaimid rannpháirtíocht leanaí i ngach gníomhaíocht a chuireann lena bhforbairt spioradálta, fhisiciúil, mhothúcháin, intleachtúil agus shóisialta.

Tá freagracht ar gach duine atá ag obair leis an Eaglais (sagairt, bráithre, mná rialta, baill foirne agus oibrithe deonacha ina measc) leanaí a chumhdach ach a leas, a sláinte agus a bhforbairt a chur chun cinn i dtimpeallacht shábháilte ina dtugtar aire dóibh, ina dtacaítear lena leas agus ina gcuirtear cosc ar mhí-úsáid.





Leanaí a Chosaint

---



# Caighdeán 1

# Timpeallachtaí

# Sábháilte

## Caighdeán 1 - Díobháil do Leanaí a chosc



### 1.0 Earcú sábháilte

- Aithníonn an Deoise go dtosaíonn an cúram sábháilte nuair a cheaptar pearsanra atá cáilithe agus oilte go cuí, a bhfuil grinnfhiosrúchán déanta orthu, agus a bhfuil na hinniúlachtaí agus na scileanna riachtanacha acu chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus sábháilte. Gach aon duine atá fostaithe ag an Eaglais, i ról tréadach nó i ról deonach, ní mór an duine sin a earcú go cúramach agus ní mór a chinntiú go bhfuil sé nó sí oiriúnach don ról a bheidh le comhlíonadh aige nó aici. Ciallaíonn earcú sábháilte go n-áiritheoid an Deoise go ndéanfar na nithe seo a leanas:
- Glactar gach beart réasúnach le háirithiú go gcuirfidh an Eaglais as an áireamh na hiarratasóirí sin a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do leanaí nó do dhaoine óga.
- Tá oiliúint agus taithí chuí ag na daoine atá i mbun na hearcaíochta chun an tasc sin a dhéanamh.
- Tá nósanna imeachta earcaíochta na hEaglaise trédhearcach, cloíonn siad leis an dea-chleachtas agus le rialacha an cheartais aiceanta, rialacha maidir le coimeád taifead, agus rialacha maidir le bainistiú acmhainní daonna.
- Tá an Eaglais tiomanta don chuimsiú agus don chomhionannas.

### Nósanna imeachta earcaíochta (oibríthe deonacha)

Ba cheart gach beart riachtanach a ghlacadh lena chinntiú go measfar gach oibrí deonach a bhíonn ag obair le leanaí/daoine óga san Eaglais mar a bheith 'sábháilte'. Cuimsítear leis sin na nósanna imeachta seo a leanas a chur i gcrích do gach oibrí deonach:

- Grinnfhiosrúchán trí Bhiúró Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (féach thíos).
- A cheangal ar oibríthe deonacha foirm dhearbhaithe a shíniú ar a sonraítear nach bhfuil cúis ar bith ann go measfaí iad mar a bheith mí-oiriúnach don obair le leanaí/daoine óga (féach Aguisín A - Foirm Dhearbhaithe SG02).
- A chinntiú go ndéantar oibríthe deonacha a ionductú i mbeartas na hEaglaise um chosaint leanaí (féach Caighdeán 5 - Oiliúint agus Tacaíocht) agus go dtoilíonn siad cloí le beartas agus le nósanna imeachta na Deoise ach foirm comhaontaithe maidir le cosaint a shíniú (féach Aguisín A - Foirm comhaontaithe maidir le cosaint SG03).
- A chinntiú go dtoilíonn oibríthe deonacha oibriú laistigh de chód iompair an Chomhlachta Eaglasta.

- A chinntiú go dtoilfionn oibrithe deonacha gach ábhar imní maidir le cosaint a thuirisciú do Theagmhálaí Ainmnithe an Chomhlachta (féach Aguisín C).
- Machnamh ar iarraidh ar oibrithe deonacha foirm iarratais a chomhlíonadh (féach Aguisín A – Foirm Iarratais SG01) go háirithe má bhíonn teagmháil rialta riachtanach acu le leanaí/daoine óga mar thoradh ar a ministreacht.

### Nós imeachta earcaíochta (oibrithe ar tuarastal)

- Úsáid a bhaint as an seicliosta earcaíochta agus roghnúcháin lena chinntiú go gcloítear le cleachtais éifeachtacha (féach Aguisín A – Seicliosta earcaíochta agus roghnúcháin).
- Sainchuntais shoiléire do phoist/róil a fhorbairt.
- Gach folúntas a fhógairt go hoscailte.
- Úsáid a bhaint as an bhfoirm iarratais (féach Aguisín A – Foirm Iarratais SG01).
- Iarratasóirí oiriúnacha a chur faoi agallamh os comhair bord agallaimh ar a bhfuil beirt ar a laghad a bhfuil inniúlacht agus údarás oiriúnach acu.
- Déanfar post a thairiscint don iarratasóir rathúil faoi réir na nithe seo a leanas:
  - Teistiméireacht oiriúnach.
  - Foirm dhearbhaithe a shíniú (féach Aguisín A – Foirm Dhearbhaithe SG02).
  - Fianaise ar cháilíochtaí, nuair is iomchuí.
  - Grinnfhiosrúchán trí Bhiúró Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (féach thíos).
  - Cruthúnas ar aitheantas.
- Is gá labhairt leis na moltóirí.
- Tar éis an cheapacháin, tá na gnéithe seo a leanas ríthábhachtach:
  - A chinntiú go mbeidh tréimhse phromhaidh i bhfeidhm, nuair is iomchuí.
  - A chinntiú go ndéantar an ball foirne den Eaglais a ionduchtú i mbeartas na hEaglaise um chosaint leanaí (féach Caighdeán 5) agus go dtoilfionn sé/sí cloí le beartas agus le nósanna imeachta a c(h)omhlachta eaglasta ach foirm comhaontaithe a shíniú (féach Aguisín A – Foirm comhaontaithe maidir le cosaint SG03).
  - A chinntiú go gcuirtear tacaíocht ghairmiúil, maoirseacht agus measúnuithe ar fáil do bhaill foirne na hEaglaise, nuair is iomchuí (féach Caighdeán 5).
  - Oiliúint leanúnach a chur ar fáil do bhaill foirne na hEaglaise, go háirithe oiliúint maidir le cosaint leanaí atá sonraithe faoi Chaighdeán 5.
- Ba cheart comhaid atá cothrom le dáta a choimeád i leith na mball foirne go léir i gcomhréir le Taifead agus Stóráil Faisnéise de chuid an Bhoird (féach Cuid 1.16 – Coimeád agus stóráil taifead).

## 1.1 Grinnfhiosrúchán trí Bhiúró Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána

Ba cheart é seo a léamh i gcomhar leis an Treoir maidir le Grinnfhiosrúchán atá foilsithe ag an Bord Náisiúnta um Páistí a Chosaint san Eaglais Chaitliceach (an Bord), seachas é a léamh as féin.

I gcás tuata atá ag teacht go hÉirinn chun dul ag obair nó mar oibrí deonach agus a bhí ag obair nó ina (h)oibrí deonach i dtír eile ar feadh breis is bliain amháin, ní mór don duine sin **teastas imréitigh a fháil ó na póilíní** sa tír nó sna tíortha ina raibh cónaí air/uirthi ar feadh bliain amháin nó níos mó sular tháinig sé/sí go hÉirinn. Tá comhairle agus tacaíocht maidir le teastas imréitigh ó na póilíní le fáil ar **[www.fingerscan.ca](http://www.fingerscan.ca)** agus ar **[www.coru.ie/en/registration/police\\_clearance](http://www.coru.ie/en/registration/police_clearance)**.

### An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, 2012

Leagtar amach san Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, 2012, na tosca sin inar gá grinnfhiosrúchán a dhéanamh, mar atá:

Aon obair nó aon ghníomhaíocht a sheolann duine, **ar cuid riachtanach rialta di** go formhór, **rochtain, a bheith ag an duine ar leanaí nó teagmháil a bheith aige nó aici le leanaí agus/nó aosaigh shoghonta.**

Ceanglaítear freisin san Acht:

Grinnfhiosrúchán i ndáil le haon obair nó gníomhaíocht mar **mhinistir** nó **sagart** nó **aon duine eile atá ag gabháil d'aon chreidimh reiligiúnacha a chur chun cinn do leanaí** agus **d'aoaigh shoghonta**, mura rud é nach bhfuil ach baint theagmhasach ag an obair nó ag an ngníomhaíocht le hobair nó le gníomhaíochtaí dá ngabhtar i ndáil le daoine nach leanaí/daoine óga nó aoaigh shoghonta iad.

Ní mór grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar dhuine freisin má mheastar go bhfuil a m(h)inistreacht, a (h)obair nó a g(h)níomhaíocht ábhartha do leanaí/daoine óga nó d'aoaigh shoghonta. Cuimsítear le hobair ábhartha oiliúint, oideachas, cóireáil, maoirsiú, teiripe, comhairliúchán, iompar a sholáthar, comhairle nó treoir a thabhairt, nó gníomhaíochtaí cultúir, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiceacha

### **Léirmhíniú ar an Acht do chomhthéacs na hEaglaise**

De réir na gclásal ón Acht atá léirithe thuas, is ann do thrí phríomhchatagóir daoine ar gá grinnfhiosrúchán a dhéanamh orthu. Mar sin féin, ní mór a shonrú gur gá grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar aon duine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine agus a mbíonn aon teagmháil aige/aici le leanaí/daoine óga nó le haosaigh shoghonta ar mó an teagmháil sin ná teagmháil theagmhasach mar chuid dá m(h)inistreacht (féach Nóta 1 thíos freisin).

**Catagóir 1:** Ní mór grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar dhuine ar ministir, sagart nó duine eile é nó í a bhíonn ag gabháil do chreidimh reiligiúnacha a chur chun cinn do leanaí/daoine óga agus d'aoaigh shoghonta.

**Catagóir 2:** Ní mór grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar dhuine más rud é go mbíonn teagmháil rialta riachtanach aige/aici le leanaí/daoine óga nó le haosaigh shoghonta trína m(h)inistreacht, a c(h)uid oibre, nó a c(h)uid gníomhaíochta sa deoise / pharóiste / scoil / ghníomhaireacht pharóiste srl.

**Catagóir 3:** Ní mór grinnfhiosrúchán a dhéanamh freisin ar na daoine sin a gcuimsítear lena ministreacht, a n-obair nó a ngníomhaíocht cóitseáil, meantóireacht, comhairle, múineadh nó oiliúint leanaí/daoine óga nó aosach shoghonta. Bíonn feidhm leis sin beag beann ar an ministreacht, an obair nó an ngníomhaíocht sin a bheith á déanamh ó am go chéile nó ar bhonn rialta agus riachtanach.

**Nóta 1:** Is féidir grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar dhaoine atá 16 bliana agus 17 mbliana d'aois, ach ní féidir é sin a dhéanamh gan chead ón tuismitheoir/gcaomhnóir agus ón duine óg féin.

**Nóta 2:** Níl grinnfhiosrúchán de dhíth ar dhuine mura rud é nach bhfuil ach baint theagmhasach ag a m(h)inistreacht, a c(h)uid oibre nó a c(h)uid gníomhaíochta le leanaí/daoine óga lena m(h)inistreacht, a c(h)uid oibre nó a c(h)uid gníomhaíochta le daoine eile nach leanaí/daoine óga ná aoaigh shoghonta iad. Ar bhealach eile, níl grinnfhiosrúchán de dhíth ar phearsana na hEaglaise a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil le leanaí/daoine óga nó aoaigh shoghonta, ach nach mbíonn i mbun ministreachta ná ag obair go díreach leo, seachas iad siúd a bhaineann le Catagóir 1-3 thuas.

### **Samplaí de ról A MBEIDH grinnfhiosrúchán de dhíth orthu go hiondúil (ní liosta uileghabhálach é seo):**

- Daoine den chléir (easpaig, sagairt, deagánaigh, daoine den chléir atá ar cuairt agus a bhfuil clúdach gearrthéarmach go fadtéarmach á chur ar fáil acu).
- Sacraisteoirí.
- Ceannairí grúpaí óige amhail na daoine sin atá freagrach as cóir ógra, clubanna óige faoi stiúir an pharóiste, ceannairí Ghradam an Phápa Eoin Pól II, grúpaí liotúirge ógra, srl.
- Maoirseoirí ar fhreastalaithe aifrinn.
- An fhoireann choimhdeach i scoileanna, mar shampla cúntóirí riachtanas speisialta, feighlithe scoile, srl.
- Ceannairí an chláir “Déan é seo i gcuimhne orm” don Chéad Chomaoineach a mbíonn teagmháil acu le leanaí lasmuigh de Liotúirge poiblí an Domhnaigh.
- Ceannairí an chláir “Beidh sibh in bhur bhfinnéithe ormsa” don Chóineartú.
- Ministrí Eocairiste atá coimisiúnaithe chun an Eocairist a thabhairt chuig daoine ina dtithe, in ospidéal, i dtithe cúraim agus in institiúidí eile a bhféadfadh leanaí/daoine óga agus/nó aoaigh shoghonta a bheith i láthair.

- Róil eile ina mbíonn daoine i dteagmháil dhíreach le leanaí/daoine óga nó aosaigh shoghonta de bharr a m(h)inistreachta, a c(h)uid oibre, nó a c(h)uid gníomhaíochta.

### **Samplaí de róil NACH MBEIDH grinnfhiosrúchán de dhíth orthu go hiondúil:**

- Rúnaithe paróiste.
- Bailitheoirí.
- Freastalaithe carrchlóis.
- Daoine a bhíonn sa Sacraistí nach mbíonn ról oifigiúil acu le leanaí ná le haosaigh shoghonta (mar sin féin, níor cheart na daoine fásta sin a fhágáil le leanaí nó le haosaigh shoghonta gan duine fásta eile a bheith i láthair).
- Léitheoirí an Bhriathair mura mbíonn ról eile acu ina mbíonn teagmháil dhíreach acu le leanaí/daoine óga nó aosaigh shoghonta.
- Ministrí Eocairiste nach mbíonn an Eocairist á tabhairt amach acu ach amháin i gcorp an tséipéil ag Aifreann an Phobail nó ag ceiliúradh liotúirgeach eile.
- Róil eile mura rud é nach bhfuil ach baint theagmhasach le leanaí/daoine óga nó aosaigh shoghonta agus iad i mbun ministreachta, oibre nó gníomhaíochtaí leo siúd nach leanaí/daoine óga ná aosaigh shoghonta iad.

### **Impleachtaí do na Deoisí**

Is comhchuid den Eaglais Chaitliceach in Éirinn í gach aon deoise, agus meastar gur Eagraíocht lomchuí í faoin Acht agus, dá bhrí sin, ní cheadóidh sí d'aon duine gabháil do mhinistreacht, d'obair nó do ghníomhaíochtaí iomchuí thar a ceann mura bhfuil próiseáil déanta ag an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin ar iarratas ar ghrinnfhiosrúcháin i leith an duine sin.

Ar an gcaoi chéanna, níor cheart iarraidh ar dhaoine nach bhfuil grinnfhiosrúchán de dhíth orthu cur isteach ar ghrinnfhiosrúchán mar bhainfeadh sé sin dá gcearta sibhialta.

### **Próiseas Grinnfhiosrúcháin**

Is i bhfoirm leictreonach a chuirtear iarratais ar ghrinnfhiosrúchán isteach anois. Ríomh-ghrinnfhiosrú a thugtar ar an bpróiseas sin. Ní ghlacann an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (an Biúró) le hiarratais ar pháipéar níos mó.

Tugtar liosta thíos de na foirmeacha ábhartha mar aon le breac-chuntas ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an próiseas ríomh-ghrinnfhiosraithe.

- Cuireadh chun Ríomh-Ghrinnfhiosraithe (NVB 1) & Treoirínta lena Chomhlánú (féach Aguisín A).
- Foirm Toilithe Tuismitheora/Caomhnóra don Ghrinnfhiosrú (NVB 3) – ag teastáil ó iarratasóirí faoi bhun 18 mbliana d'aois i gcás ina bhfuil grinnfhiosrúchán i bhfeidhm (féach Aguisín A).
- Seicliosta don Chruthúnas ar Aitheantas (féach Aguisín A).

### **Cén chaoi a n oibríonn sé?**

- Ba cheart cóip den Chuireadh chun Ríomh-Ghrinnfhiosraithe (NVB 1) agus na treoirínta lena chomhlánú a thabhairt don iarratasóir agus ba cheart a iarraidh air/uirthi cuid 1 agus cuid 2 a chomhlánú. Déan cinnte go gcomhlánaítear an fhoirm ina hiomláine go soiléir.
- Is é duine teagmhála na heagraíochta a chomhlánóidh cuid 3 don iarratasóir .i. easpag/sagart/cathaoirleach ar an mbord bainistíochta/bainisteoir gníomhaireachta thar ceann na deoise/an paróiste/na scoile/na gníomhaireachta deoise.
- Ní mór aitheantas an iarratasóra a bhailíochtú ag an tráth sin de réir na dtreoirínta (féach an seicliosta don chruthúnas ar aitheantas).

- Ba cheart an Cuireadh chun Ríomh-Ghrinnfhiosraithe (NVB 1) comhlánaithe a sheoladh sa phost chuig Oifig Grinnfhiosrúcháin Chúige an Iarthair ag an seoladh ag barr na foirme.
- Ansin gheobhaidh an t-iarratasóir ríomhphost go díreach ón mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (an Biúró), agus tabharfar rochtain dó/di ar an bhFoirm Iarratais ar Ghrinnfhiosrú ar líne (NVB 2).
- Rachaidh an fhoirm sin in éag mura gcomhlánófar í laistigh de 30 lá, agus beidh orthu iarratas eile a chur isteach.
- Nuair a bheidh próiseáil déanta ag an mBiúró ar an Iarratas ar Ghrinnfhiosrú, gheobhaidh an duine teagmhála atá ainmnithe ar an gCuireadh chun Ríomh-Ghrinnfhiosraithe (NVB 1) cóip chrua den Nochtadh Grinnfhiosrúcháin mar aon le litir chumhdaigh ó Sheirbhís Grinnfhiosrúcháin Chúige an Iarthair. Tá an t-iarratasóir i dteideal cóip den nochtadh sin a fháil ach é sin a iarraidh.

**Tabhair faoi deara nach n-eisítear an Fhoirm Iarratais ar Ghrinnfhiosrú ar líne (NVB 2) ach don iarratasóir amháin. Ní bhíonn rochtain ag an eagraíocht (deoise/paróiste/scoil/gníomhaireacht deoise) ar an bhfoirm sin.**


### **Seoladh ríomhphoist**

Ní mór don iarratasóir seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt. Mura bhfuil seoladh ríomhphoist dá chuid féin ag an iarratasóir, is féidir leis seoladh ar bith a thabhairt ach é a bheith sásta gur chuig an seoladh sin a chuirfeadh an fhoirm. Is féidir seoladh ríomhphoist duine dá chairde nó duine muinteartha a thabhairt, nó is féidir leis an eagraíocht dá bhfuil an grinnfhiosrúcháin á iarraidh seoladh ríomhphoist a chur ar fáil dó.

Mura bhfuil rochtain ag an iarratasóir ar ghléas leictreonach, ba cheart gléas den sórt sin a chur ar fáil dó le gur féidir leis an t-iarratas a dhéanamh.

**Fuair baill foirne in ionaid eolais do shaoránaigh agus i leabharlanna poiblí faisnéis ar an bpróiseas ríomhghrinnfhiosraithe freisin, agus is féidir leo cúnamh agus rochtain ar ríomhairí a thabhairt d'iarratasóirí.**

### **Cruthúnas aitheantais**



Ní mór dhá chruthúnas aitheantais a chur ar fáil chun aitheantas an iarratasóra a bhailíochtú agus an Cuireadh chun Ríomh-Ghrinnfhiosraithe (NVB 1) á chomhlánú. Ba cheart grianghraf a bheith ar cheann amháin díobh sin. Tá córas pointí i bhfeidhm chun aitheantas a bhailíochtú, agus is gá 100 pointe a bhaint amach. Tá ualú de réir scála aistritheach pointí ag baint le cineálacha éagsúla aitheantais, agus tá sonraí breise le fáil sa Seicliosta don Chruthúnas Aitheantais in Agusín A. I gcás nach féidir le duine 100 pointe a bhaint amach, is leor mionnscríbhinn a dhéantar os comhair Coimisinéir Mionnaí. Déantar aitheantas an duine a fhóru go háitiúil (is é sin, ag an deoise, paróiste, scoil nó gníomhaireacht deoise).

Tar éis dheireadh an phróisis grinnfhiosraithe, ba cheart don eagraíocht cóip den fhíorú aitheantais a choimeád.

### **Obair ábhartha**

Tá sé in aghaidh an dlí anois tosú ar ‘obair iomchuí’, is é sin obair lena mbaineann teagmháil riachtanach rialta le leanaí/daoine óga nó daoine soghonta gan grinnfhiosrúchán a bheith déanta roimh ré. Tabhair cur síos iomlán ar an ról dá bhfuil iarratas á dhéanamh ar an gCuireadh chun Ríomh-Ghrinnfhiosraithe (NVB 1). Ní leor ‘oibrí deonach’ a lua. Ní mór an ról cruinn a shonrú, mar shampla ‘Ministir Eocairiste’ nó ‘Ceannaire ar Chór na Leanaí’. Más rud é go bhfuil ról éagsúla ag an iarratasóir, ba cheart dó/di an ról lena mbaineann an teagmháil is mó le leanaí/daoine óga nó aosai shoghonta a shonrú.

### **Mionaoisigh**

Tá an reachtaíocht dírithe ar iarratasóirí atá 18 mbliana d’aois nó os a chionn ar an dáta a shíníonn siad an fhoirm. Is féidir iarratais a chur isteach i gcás daoine atá 16 agus 17 mbliana d’aois. Cinneadh beartais don eagraíocht i gceist is ea grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar dhaoine atá 16 agus 17 mbliana d’aois, agus ní ceanglas dlíthiúil atá ann.

I gcás ina bhfuil iarratas á dhéanamh maidir le duine atá 16/17 mbliana d’aois, ní mór toiliú an tuismitheora/chaomhnóra a fháil freisin. Faightear an toiliú sin trína iarraidh air/uirthi Foirm toilithe do thuismitheoirí/chaomhnóirí (NVB 3) a chomhlánú. Ina theannta sin, is é seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin an tuismitheora/chaomhnóra, seachas uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an duine óig, a thugtar ar an gcuireadh chun ríomh-grinnfhiosraithe. Is gá freisin cruthúnas aitheantais a fháil don tuismitheoir/chaomhnóir agus don duine óg.

### **Ath-Ghrinnfhiosrúchán**

Moltar ath-grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar iarratasóirí gach trí bliana ar a laghad.

## **1.2 Daoine den chléir atá ar cuairt nó daoine atá ar cuairt a bhaineann leis an saol naofa ar aon bhealach ar mian leo ministreacht a dhéanamh san Eaglais Chaitliceach in Éirinn.**

### ***Daoine den chléir atá ar cuairt ó Éirinn nó ó Iasmuigh d’Éirinn***

Ba cheart do dhaoine den chléir atá ar cuairt dul i dteagmháil leis an sagart paróiste áitiúil nó le huachtarán tí rialta sa dlínse eaglasta sin.

Más rud é go mbeidh an cléireach i láthair ag aon ócáid amháin sa pharóiste nó sa deoise (mar shampla sochraid, baisteadh nó bainis), ba cheart dó an chlár sa sacraistí a shíniú le dearbhú go raibh sé i láthair ag am agus ar dháta ar leith. Ina theannta sin, más rud é nach bhfuil an cléireach indeoisithe sa dlínse eaglasta ina bhfuil sé ar cuairt, ní mór dó a Celebret/Litir maidir le Dea-stádas a chur ar fáil don sagart paróiste nó don duine atá údaraithe go cuí aige sin, agus ba cheart é sin a shonrú taobh le síniú an chuirteora ar an gclár.

Más rud é go mbeidh an cléireach i láthair ag níos mó ná aon ócáid amháin, ní mór don Sagart Paróiste nó don duine údaraithe go cuí teagmháil a dhéanamh le hoifig na deoise lena chinntiú go leanfar an prótacal iomchuí sula mbeidh cead ag an gcléireach atá ar cuairt dul i mbun ministreachta (féach an rannán maidir le cosaint ar láithreán gréasáin na deoise).

### ***Duine ar cuairt a bhaineann leis an saol naofa ar aon bhealach ó Éirinn nó ó Iasmuigh d’Éirinn***

Más rud é gur mian le duine a bhaineann leis an saol naofa ar bhealach ar bith dul i mbun ministreachta i bparóiste, ní mór don sagart paróiste nó don duine údaraithe go cuí teagmháil a dhéanamh le hoifig na deoise lena chinntiú go leanfar an prótacal iomchuí sula mbeidh cead ag an duine sin dul i mbun ministreachta (féach an rannán maidir le cosaint ar láithreán gréasáin na deoise).

### 1.3 Cóid Iompair

Treoir shoiléir achomair atá i gcód iompair maidir lena bhfuil i gceist le hiompar agus le cleachtas do-ghlactha i gcás obair le leanaí/daoine óga. Is cuid bhunriachtanach é de nósanna imeachta cosanta aon chomhlachta eaglasta a bhíonn i mbun ministreachta le leanaí/daoine óga. Bíonn dualgas cúraim i leith leanaí/daoine óga ar dhaoine fásta a bhíonn ag obair le leanaí/daoine óga. Príomhghné d'aon chód iompair is ea timpeallacht a chruthú inar féidir le leanaí/daoine óga ceisteanna a chur agus ábhair imní a chur in iúl go slán sábháilte, agus fios acu go n-éistfear lena bhfuil le rá acu, go dtabharfar aird air, agus go nglacfar gníomh air.

#### Cód iompair do dhaoine fásta

Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh gach ball foirne na nithe seo a leanas:

- Caitheamh le gach leanbh/duine óg le meas agus le dínit.
- Caitheamh mar an gcéanna le gach leanbh/duine óg.
- Iompar dearfach iomchuí a léiriú do gach leanbh/duine óg a mbíonn teagmháil acu leo.
- A bheith eolach ar bheartas na hEaglaise maidir le cosaint agus cumhdach leanaí.
- Dul i ngleic le hiompar drochídeach agus le hiompar a d'fhéadfadh a bheith drochídeach, agus an t-iompar sin a thuairisciú.
- Cultúr oscailteachta, macántachta agus sábháilteachta a fhorbairt.
- Cultúr a fhorbairt ina mbíonn cead ag daoine óga ábhair imní ar bith a d'fhéadfadh a bheith acu a chur in iúl agus a phlé.
- Meas a léiriú ar theorainneacha gach linbh agus tacú leo chun a dtuiscint orthu féin agus ar a gcearta a fhorbairt.
- A bheith feasach ar a bhfreagracht i leith shábháilteacht gach linbh/duine óig atá faoina gcúram.
- Dul i mbun oibre i dtimpeallachtaí oscailte.
- Cabhrú le leanaí/daoine óga eolas a fháil ar ar féidir leo a dhéanamh má bhíonn fadhb acu.
- Nósanna imeachta cearta a leanúint ar úsáid chuí teicneolaíochta (féach Cuid 1.16 thíos).

Níor cheart do dhaoine fásta na nithe seo a leanas a dhéanamh riamh:

- Leanaí/daoine óga a bhualadh nó mí-úsáid chorpartha de shaghas eile a dhéanamh orthu.
- Caidreamh gnéis a fhorbairt le leanaí/daoine óga.
- Caidreamh a fhorbairt le leanaí/daoine óga a bhféadfaí é a mheas mar chaidreamh foirgthe nó mí-úsáide ar aon bhealach.
- Gníomhú ar bhealach ar bith a d'fhéadfadh a bheith drochídeach nó a d'fhéadfadh leanbh a chur i mbaol mí-úsáide.
- Friotal a úsáid, moltaí a dhéanamh nó comhairle a thabhairt atá míchuí, maslach nó drochídeach.
- Rudaí pearsanta a dhéanamh do leanaí ar féidir leo na rudaí sin a dhéanamh iad féin.
- Iompar atá mídhleathach, contúirteach nó drochídeach a cheadú nó a bheith rannpháirteach ann.
- Gníomhú ar bhealach ar bith a bhfuil mar aidhm leis faitíos a chur ar dhaoine, iad a náiriú nó ceap magaidh a dhéanamh díobh, caitheamh anuas orthu, nó iad a mhaslú.
- A bheith i mbun iompar idirdhealaitheach nó teanga idirdhealaitheach a úsáid maidir le cine, cultúr, aois, inscne, míchumas, creideamh, claonadh gnéis nó tuairimí polaitiúla.
- Alcól, tobac nó drugaí aindleathacha a ghlacadh agus iad freagrach as leanaí/daoine óga nó i láthair leanaí/daoine óga.

Go ginearálta, ní den dea-chleachtas é na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- A bheith i d'aonar le leanbh/leanaí.
- Leanbh/leanaí a thabhairt ar ais chuig do theach féin nó chuig áit ar bith ina mbeidh tú i d'aonar leis/léi/leo.
- Teagmháil duine le duine a bheith agat le leanbh.



Seo thíos roinnt samplaí de chásanna ina bhféadfadh teagmháil duine le duine teacht chun cinn:

- I gcás frithghníomhach, mar shampla nuair a iarrann duine óg cruinniú duine le duine leat gan fógra roimh ré.
- I gcás inar ghá duine óg a bhaint de ghrúpa mar thoradh ar shárú ar an gcód iompair (féach thíos).
- Mar chuid d'obair struchtúrtha phleanáilte, mar shampla cleachtadh ceoil duine le duine.


Féach Nós Imeachta **1.8 Teagmháil duine ar dhuine le leanaí/daoine óga** má tharlaíonn aon cheann de na cásanna sin.

### Cód iompair do leanaí/dhaoine óga

Ba cheart go mbeadh leanaí/daoine óga rannpháirteach i gcód iompair a dhréachtú dóibh féin. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go mbeadh duine fásta iomchuí ag a bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí iomchuí páirteach san obair sin le leanaí/daoine óga chun tacú leo an cód iompair a fhorbairt. Ba cheart modhanna iomchuí don aois agus don chumas a úsáid chun cód iompair a chruthú, agus ba cheart leanaí/daoine óga a spreagadh chun dul níos faide ná díreach liosta cosc nó toirmeasc a chur le chéile. Ina áit sin, ba cheart ráitis dhearfacha maidir leis an meas a bheith sa chód, agus ba cheart léiriú a thabhairt ar na hiarmhairtí a bheidh ann má sháraítear an cód.

Ba cheart na príomheilimintí seo a leanas a bheith i ngach cód iompair do leanaí/daoine óga:

- Caitheamh le gach duine le meas.
- Caitheamh le sealúchas le meas.
- Gan alcól, tobac ná drugaí aindleathacha a ghlacadh.
- Toiliú gan aon earra fisiciúil a thabhairt chuig an ngníomhaíocht de chuid na hEaglaise a d'fhéadfadh olc a chur ar dhaoine eile nó dochar a dhéanamh dóibh.
- Dea-shampla a thabhairt.
- A bheith in am d'imeachtaí.
- Síniú isteach agus amach.
- An fón póca a mhúchadh.
- A chur in iúl do dhuine a bhfuil iontaoibh agat ann más rud é go mbíonn tú míchompordach le haon chás nó le haon duine ar leith.
- Gan droch-chaint a úsáid.
- Gan bulaíocht a dhéanamh ar aon duine nó gan teachtaireachtaí bagracha a sheoladh.



### Déileáil le sárúithe ar na cóid iompair do leanaí/dhaoine óga agus do dhaoine fásta

Más rud é go sáraíonn leanbh/duine óg nó duine fásta an cód iompair, ba cheart iarracht a dhéanamh an fhadhb a réiteach mar seo a leanas:

- An scéal a phlé leis an duine fásta nó leis an leanbh/duine óg agus tacú leo.
- D'fhéadfaí iarraidh ar an leanbh/duine óg nó duine fásta leithscéal a ghabháil as a (h)iompar.
- I gcás linbh/duine óg, rannpháirt a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí.
- Teacht ar chomhaontú maidir le pionóis.

Ba cheart an Nós imeachta chun gearáin a dhéanamh a úsáid maidir le daoine fásta i gcás nach féidir an fhadhb a réiteach leis an **Nós Imeachta Neamhfhoirmiúil (féach 1.14 Nósanna Imeachta chun Gearáin a dhéanamh maidir le hábhair inmí i ndáil le Cúrsaí Cosanta nach Líomhaintí mí-úsáide iad).**

D'fhéadfaí a chuimsiú le pionóis:

- Seal i leataobh ó imeachtaí an ghrúpa.
- I gcás leanaí/daoine óga – d'fhéadfaí a iarraidh ar thuismitheoir/chaomhnóir freastal ar imeachtaí an ghrúpa in éineacht lena leanbh ar feadh tréimhse áirithe.
- I gcás daoine fásta – b'fhéidir go mbeadh athoilúint ag teastáil i scileanna ceannaireachta, cód iompair srl.
- I gcás leanaí/daoine óga – ba cheart féachaint arís ar an gcód iompair agus ba cheart dóibh glacadh leis arís.
- Monatóireacht ar an iompar agus tacaíocht ar bhonn leanúnach.
- I gcásanna tromchúiseacha, ba cheart smaoinemh ar an duine a chur ar fionraí nó a chur amach as an ngrúpa

**Tabhair faoi deara: Más rud é go dtagann ábhar inmí maidir le mí-úsáid leanaí chun cinn ón ngearán, ba cheart an nós imeachta tuairiscithe a leanúint (féach Caidheán 2).**

## 1.4 Déileáil le Bulaíocht

Aithnímid éifeachtaí millteacha na bulaíochta agus an dochar fadtéarmach is féidir a dhéanamh do leanaí/dhaoine óga, agus déanaimid ár seacht ndícheall chun timpeallachtaí sábháilte atá saor ó bhulaíocht a chruthú do leanaí/dhaoine óga.

### Céard is bulaíocht ann?

- Is é atá i gceist le bulaíocht iompar fisiciúil, briathartha nó síceolaíoch d'aon turas, leantach agus ionsaitheach a bhíonn á dhéanamh ag duine amháin nó ag grúpa daoine agus a bhíonn dírithe ar dhuine nó ar dhaoine eile.
- Tarlaíonn bulaíocht ag gach aois, i ngach cineál timpeallachta, agus bíonn sé fadtéarmach nó gearrthéarmach.
- Is féidir bulaíocht a dhéanamh ar leanbh/dhuine óg ar bith.
- Bíonn bulaíocht á déanamh ag daoine fásta ar leanaí/dhaoine óga, agus ag leanaí/daoine óga ar a bpiarghrúpa féin.
- Ní féidir bulaíocht a thabhairt ar chásanna aonair iompair ionsaithigh, bíodh is nár cheart iad a cheadú. Mar sin féin, is bulaíocht a bhíonn i gceist má bhíonn an t iompar ar siúl ar bhonn córasach leanúnach.
- Bíonn daoine i bpián agus ciaptha mar thoradh ar an mbulaíocht.

### Bíonn cineálacha éagsúla bulaíochta ann:

- Bulaíocht mhothúchánach/shíceolaíoch: ciapadh, daoine a fhágáil ar lár, sracaireacht, imeaglú, srl.
- Bulaíocht fhisiciúil: brú, ciceáil, bualadh, buille a tharraingt, imeaglú, dochar do shealúchas nó goid, nó aon úsáid foréigin, srl.
- Bulaíocht chiníoch: fochaid chiníoch .i. maslaí maidir le dath, náisiúntacht, aicme shóisialta, creideamh, eitneachas nó úsáid graifítí chiníoch nó comharthaí ciníocha.
- Bulaíocht ghnéis: ciapadh nó teagmháil fhisiciúil gan iarraidh, nó tráchtanna atá maslach ó thaobh cúrsaí gnéis de. D'fhéadfadh mí-úsáid ghnéis féin a bheith i gceist, agus ba cheart é sin a thuairisciú tríd an teagmhálaí ainmnithe.
- Bulaíocht homafóbach: fonóid faoi dhuine a bhfuil claonadh gnéis difriúil aige nó aici.
- Bulaíocht bhriathartha: ainmneacha a thabhairt, searbhas, ráflaí a scaipeadh, magadh, srl.



- Cibearbhulaíocht: mí-úsáid nó drochúsáid a bhaint as ríomhphost, fóin phóca, seomraí comhrá ar líne, na meáin shóisialta, teachtaireachtaí téacs, nó uirlisí ceamara nó físe.
- Bulaíocht chaolchúiseach: mar shampla gotha gnúise nó comhartha a dhéantar go minic agus atá dírithe ar dhuine ar leith.
- Bulaíocht a bhíonn ar siúl ag daoine fásta. D'fhéadfaí glacadh leis gur mí-úsáid chorpártha nó mhothúchánach atá ann má dhéanann daoine fásta, seachas leanaí, bulaíocht ar dhaoine eile. Mar sin féin, is iondúil nach mbaineann an téarma 'bulaíocht' leis na mórchineálacha eile drochúsáide leanaí amhail faillí agus drochúsáid ghnéasach.

### Cosc

Moltar na straitéisí seo a leanas chun cosc a chur ar an mbulaíocht:

- Leanaí/daoine óga a tharraingt isteach i bplé ar a bhfuil i gceist le bulaíocht agus ar an bhfáth nach féidir glacadh leis.
- Leanaí/daoine óga a spreagadh chun freagracht a ghlacadh agus aon eachtra bhulaíochta a thuairisciú don cheannaire nó don duine atá i gceannas.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir seo maidir leis an mbulaíocht le leanaí/daoine óga agus le tuismitheoirí a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí an pharóiste/na gníomhaireachta.
- Iarracht a dhéanamh dearcthaí dearfacha amhail freagracht shóisialta, caoinfhulaingt agus tuiscint a chur chun cinn i measc na mball foirne go léir.

### Nósanna imeachta chun déileáil leis an mbulaíocht

- Ba cheart gach cás bulaíochta a chur in iúl don cheannaire nó don duine atá i gceannas.
- Ba cheart gach eachtra a thaifeadh ar fhoirmeacha tuairiscithe ar eachtra agus ba cheart iad sin a choimeád ar taifead.
- Ba cheart do cheannairí tuairisciú do cheannaire an ghrúpa / don sagart paróiste / don sagart i gceannas agus treoir nó comhairle a lorg ón duine sin.
- Ba cheart tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le haon eachtra bhulaíochta, agus ba cheart dóibh bualadh leis an gceannaire/duine i gceannas chun an fhadhb a phlé. Ba cheart taifead den chruinniú sin a choimeád freisin.
- Ní mór an t-iompar nó na bagairtí bulaíochta a iniúchadh agus ní mór stop a chur leis an mbulaíocht gan mhoill.
- Ba cheart tacú agus cabhrú leis an duine ar a bhfuil an bhulaíocht á déanamh agus leis an mbulaí líomhnaithe ar fud an phróisis go léir.
- Is ceart labhairt leis na Gardaí má bhíonn gá leis agus más iomchuí.

## 1.5 Cúram sábháilte a chinntiú do leanaí

Go praiticiúil, cuimseofar na nithe seo a leanas le cúram sábháilte leanaí:

- Cliár chun síniú isteach. Ní mór do gach leanbh/duine óg síniú isteach nuair a ghlacann siad páirt i ngníomhaíochtaí de chuid na hEaglaise. Tá clár do ghrúpaí móra agus do shacraistithe le fáil ó Oifig na Deoise. Ba cheart do cheannairí grúpa an Clár Grúpa síniú agus dáta a chur leis freisin. Ba cheart do gach duine atá i láthair sa sacraistí agus atá páirteach sa Liotúirge an Clár Sacraistí a shíniú.
- Foirm comhthoilithe do leanaí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí a chomhlánú (féach Aguisín A - SG04 Foirm comhthoilithe do leanaí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí).
- Timpistí agus eachtraí a thaifeadh (féach Cuid 1.6).
- A chinntiú go mbíonn cóimheas leordhóthanach maoirseachta ann (féach Cuid 1.7).
- Treoir maidir le teagmháil duine ar dhuine le leanaí (féach Cuid 1.8).
- Treoir maidir le Gradam an Phápa Eoin Pól II (féach Cuid 1.9).
- Treoir maidir le rannpháirtíocht leanaí/daoine óga a bhfuil sainriachtanais acu (féach Cuid 1.10).
- Treoir maidir le turais as baile (féach Cuid 1.11).

### 1.6 Déileáil le thimpistí/eachtraí

Tá sé ríthábhachtach go mbíonn gach duine de phearsanra na hEaglaise (an chléir, daoine in ord rialta nó oibríthe deonacha tuata) eolach ar na nósanna imeachta atá sonraithe anseo thíos. Má tharlaíonn timpiste do leanbh agus má ghortaíonn sé é féin agus é ag freastal ar imeacht atá á réachtáil ag an Eaglais, ba cheart na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint:

- An gortú a mheas agus an leanbh a chur ar a shuaimhneas. Más drochghortú atá ann nó má chailleann sé an aithne, déan teagmháil leis na seirbhísí éigeandála láithreach ach glaoch ar 999 nó 112. Is féidir glaoch ar 112 ó fhón póca nach bhfuil aon chreidmheas air agus fiú amháin ó fhón nach bhfuil cárta SIM ar bith ann. Uimhir éigeandála Eorpach is ea an uimhir éigeandála 112 agus is féidir glaoch air ó áit ar bith san Eoraip. Más gá glaoch a chur ar na seirbhísí éigeandála, is gá dul i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh go práinneach. Beidh eolas teagmhála le fáil ar fhoirm ballraíochta/toilithe an linbh. Murar féidir teacht ar na tuismitheoirí/caomhnóirí, d'fhéadfaí gur ghá do dhuine de na ceannairí dul in éineacht leis an leanbh chomh fada leis an ospidéal. Más gá cóir leighis a chur ar an leanbh, b'fhéidir go gcuirfí ceist ar phearsanra na hEaglaise maidir le hailléirgí atá ar eolas nó riochtaí sláinte atá ann cheana féin. Arís, ba cheart go mbeadh an t eolas sin le fáil ar an bhfoirm toilithe don leanbh agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí.
- Más mionghortú atá ann, ba cheart an bosca garchabhrach a úsáid chun cóir leighis a chur ar an ngortú. Ba cheart go mbeadh fáil ar bhosca garchabhrach lán ag gach imeacht de chuid na hEaglaise. Ná déan dearmad na nithe a úsáidtear ón mbosca garchabhrach a bhreacadh síos le gur féidir cinn nua a cheannach chomh luath agus is féidir. Níor cheart aon chógas a thabhairt do leanbh mura bhfuil toil shonrach i scríbhinn faighte ón tuismitheoir/gcaomhnóir.
- Scríobh tuairisc chomh luath agus is féidir tar éis na timpiste ar fhoirm tuairiscithe ar thimpiste/eachtra (féach SG05 - Foirm Tuairiscithe ar Thimpiste/Eachtra in Aguisín A). Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe, ba cheart í a choimeád in áit shábháilte i gcomhréir le cúrsaí cosanta sonraí, agus ba cheart caitheamh leis an bhfoirm mar dhoiciméad faoi rún.
- Cuir tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas i gcónaí maidir le timpiste ar bith a tharlaíonn dá leanbh, is cuma cé chomh beag atá an timpiste, dar leat féin. Is den dea-chleachtas é cóip den fhoirm tuairiscithe ar thimpiste/eachtra a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí.
- Is den dea-chleachtas é cóipeanna folmha den fhoirm tuairiscithe ar thimpiste/eachtra a choimeád leis an mbosca garchabhrach ionas gur féidir an fhoirm a líonadh isteach i gcás éigeandála.



## 1.7 Cóimheasa maoirseachta leordhóthanaí a choinneáil

Nuair a bhíonn pleanáil á déanamh do thuras nó do ghníomhaíocht, tá sé ríthábhachtach breithniú a dhéanamh ar an líon daoine fásta a bheidh ag teastáil chun maoirseacht shábháilte a dhéanamh ar leanaí/dhaoine óga.

Bíonn **beirt fhásta ag teastáil le haghaidh gach aon ghníomhaíochta ar a laghad**. Ba cheart na cóimheasa íosta seo a leanas a chur i bhfeidhm freisin. D'fhéadfaí gur ghá athbhreithniú a dhéanamh ar na cóimheasa sin ag brath ar shainriachtanais a bheith ag na leanaí/daoine óga agus ar fhad na gníomhaíochta.

- suas go dtí aon bhliain d'aois = beirt fhásta don chéad triúr leanaí mar aon le duine fásta amháin sa bhreis do gach triúr leanaí eile.
- idir bliain agus dhá bhliain d'aois = beirt fhásta don chéad chúigear leanaí mar aon le duine fásta amháin sa bhreis do gach cúigear leanaí eile.
- idir dhá bhliain agus trí bliana d'aois = beirt fhásta don chéad seisear leanaí mar aon le duine fásta amháin sa bhreis do gach seisear leanaí eile.
- idir trí bliana agus sé bliana d'aois = beirt fhásta don chéad ochtar leanaí mar aon le duine fásta amháin sa bhreis do gach ochtar leanaí eile.
- idir seacht mbliana agus dhá bhliain déag d'aois = beirt fhásta don chéad ochtar leanaí mar aon le duine fásta amháin sa bhreis do gach ochtar leanaí eile.
- idir trí bliana déag agus ocht mbliana déag d'aois = beirt fhásta don chéad deichniúr leanaí mar aon le duine fásta amháin sa bhreis do gach deichniúr leanaí eile.

Ba cheart breithniú a dhéanamh ar bhaill foirne bhreise i gcás gníomhaíocht thar oíche. Ba cheart go mbeadh cothromaíocht inscne ann i gcás grúpa measctha.

## 1.8 Teagmháil duine ar dhuine le leanaí/daoine óga

Go ginearálta, níor cheart go dtarlódh teagmháil duine ar dhuine idir duine fásta agus leanbh le linn gníomhaíochtaí de chuid na hEaglaise (féach Cuid 1.7).

Mar sin féin, d'fhéadfaí go dtarlódh a leithéid i gcásanna áirithe, mar shampla:

- a. I gcás frithghníomhach, mar shampla nuair a iarrann duine óg cruinniú duine le duine leat gan fógra roimh ré.
- b. I gcás inar ghá duine óg a bhaint de ghrúpa.
- c. Mar chuid d'obair struchtúrtha phleanáilte, mar shampla cleachtadh ceoil duine le duine.

Tá treoir maidir leis na cásanna sin le fáil sna pointí seo a leanas.

### Cásanna frithghníomhacha

- Más gá duit labhairt le duine óg leis nó léi féin, déan iarracht é sin a dhéanamh i dtimpeallacht oscailte, áit a mbeidh sibh le feiceáil ag daoine eile..
- Murar féidir é sin a dhéanamh, déan iarracht teacht le chéile i seomraí ar féidir féachaint isteach iontu nó leis an doras ar oscailt nó i seomra/limistéar a bhfuil daoine eile in aice láimhe.
- Ba cheart duit a chur in iúl do dhuine fásta (tuismitheoir/caomhnóir de réir mar is iomchuí) go bhfuil cruinniú den sórt sin ar siúl agus an chúis atá leis. Ba cheart taifead a choinneáil de na cruinnithe sin – lena n-áirítear ainmneacha, dátaí, amanna, suíomh, an chúis leis an gcruinniú, agus an toradh – ar Fhoirm SG-05 agus ba cheart don pharóiste an taifead sin a choimeád go sábháilte cuí (féach Cuid 1.17).
- Seachain cruinnithe le leanbh/duine óg i gcás nach bhfuil aon duine eile san fhoirgneamh.
- Ba cheart cruinnithe duine ar dhuine a réachtáil ag am iomchuí, mar shampla gan iad a réachtáil go déanach san oíche, agus in ionad iomchuí.

### Obair phleanáilte struchtúrtha

- Ba cheart go mbeadh réasúnaíocht shoiléir agus aidhmeanna ag an ngníomhaíocht ar leith le go mbeadh obair duine ar dhuine i gceist.
- Ní mór eolas iomlán a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí maidir le nádúr agus cuspóir na hoibre sin,

agus ní mór dóibh toiliú a thabhairt i scríbhinn (féach Aguisín A don Fhoirm comhthoilithe do leanaí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí SG-04).

- Ní mór don dá pháirtí cód iompair soiléir a chomhaontú agus ní mór dóibh cloí leis. Ba cheart teorainneacha rúndachta a chuimsiú ann (féach Cuid 2.2).

### 1.9 Gradam an Phápa Eoin Pól II

Cuireann Gradam an Phápa Eoin Pól II meas ar rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí lena gcuirtear ar a gcumas maireachtáil de réir a gcreidimh in Íosa Críost ina bparóiste féin agus sa phobal níos leithne, agus spreagann an Gradam an rannpháirtíocht sin. Tá an Gradam deartha le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí scoile, paróiste, reiligiúnacha agus pobail a éascú.

Formhór na ngníomhaíochtaí a dhéantar mar chuid den ghradam, tagann siad faoi raon feidhme bheartas cosanta na hEaglaise nó na scoile, ach tá gníomhaíochtaí eile ann nach dtagann. Dá bharr sin, tá sé ríthábhachtach cloí go daingean leis an bprótacal thíos, go háirithe i gcás nach dtagann gníomhaíochtaí an rannpháirtí faoi raon feidhme ná faoi shainchúram na cosanta leanaí/daoine óga atá cuimsithe i mbeartais agus i nósanna imeachta na deoise, an pharóiste nó na scoile.

Anuas ar a bhfuil leagtha amach i lámhleabhar Ghradam an Phápa Eoin Pól II, go háirithe an cód eitice ann, baineann an prótacal seo a leanas leo siúd a thugann faoin ngradam:

- Tá toiliú tuismitheora/chaomhnóra agus toiliú an linbh/duine óig féin riachtanach do gach duine a thugann faoin ngradam atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois (féach Aguisín B don Fhoirm Iarratais agus Toilithe a bhaineann go sonrach leis an ngradam).
- Ní mór foirm iarratais chomhlánaithe a thabhairt do cheannaire an ghradaim roimh thabhairt faoin ngradam (féach Aguisín B don Fhoirm Iarratais agus Toilithe a bhaineann go sonrach leis an ngradam).
- Maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngradam agus a bhíonn ar siúl i gcomhthéacsanna deoise, paróiste nó scoile, ní mór don rannpháirtí cloí le beartas agus nósanna imeachta cosanta an ionaid ábhartha, lena n-áirítear na cóid iompair.
- D'fhéadfaí go mbeadh toiliú breise ó thuismitheoirí/chaomhnóirí ag teastáil le haghaidh gníomhaíochtaí ar leith, faoi rogha choiste/chomhordaitheoir Ghradam an Phápa Eoin Pól II agus/nó cheannaire an ghradaim.
- Maidir leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtíocht sa pharóiste agus feasacht shóisialta, moltar go láidir do rannpháirtithe sa ghradam na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh i ngrúpaí de bheirt nó níos mó.
- Beidh an nós imeachta seo a leanas i bhfeidhm más rud é nach dtagann na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngradam faoi raon feidhme bheartas cosanta na deoise, an pharóiste nó na scoile (déan teagmháil le coiste/comhordaitheoir Ghradam an Phápa Eoin Pól II mura bhfuil tú cinnte):
  - a. Ní mór do choiste/chomhordaitheoir Ghradam an Phápa Eoin Pól II na gníomhaíochtaí a fhaomhadh. Faoi cheannaire an ghradaim atá sé a chinntiú go ndéanfar é sin leis an bhFoirm maidir le Gníomhaíochtaí Paróiste agus Sóisialta (féach Aguisín B).
  - b. Ní mór d'eagraíochtaí seachtracha an Fhoirm comhaontaithe maidir le cosaint a chomhlánú (féach Aguisín B).
  - c. Ní féidir tús a chur leis an ngníomhaíocht go dtí go mbeidh an dá fhoirm comhlánaithe agus go mbeidh siad faighte ag ceannaire an ghradaim.

### 1.10 Rannpháirtíocht Leanaí/Daoine óga a bhfuil Sainriachtanais acu

Bíonn sainriachtanais ag leanaí/daoine óga áirithe a chuireann freagrachtaí breise orthu siúd a thugann aire dóibh agus a bhíonn ag obair leo. Nuair is féidir, ba cheart na tosca timpeallachta a chur in oiriúint do riachtanais an linbh lena chinntiú gur féidir le gach leanbh/duine óg, beag beann ar a gcumas, a bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht an oiread agus is féidir leo. Go minic, is iad na tosca staide agus timpeallachta a chuireann bac ar an leanbh seachas an deacracht fhisiciúil nó mheabhrach atá aige nó aici. Is gá oideachas agus faisnéis a úsáid chun dul i ngleic le dearcthaí sriantacha.

Leanaí/daoine óga atá faoi mhíchumas, bíonn na cearta céanna acu sin is atá ag gach leanbh eile i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Pointí le breithniú nuair a bhíonn leanbh ag a bhfuil sainriachtanais ag teacht isteach sa ghrúpa:

- Oibrigh i gcomhar leis an leanbh, leis na tuismitheoirí/caomhnóirí, agus le haon ghairmithe atá ag plé leis an scéal le fáil amach conas is féidir an leanbh a chuimsiú sa ghrúpa.
- Déan cinnte gur féidir an leanbh a chuimsiú ann roimh an leanbh a thabhairt isteach i ngníomhaíocht an ghrúpa.
- Déan oiriúnuithe réasúnta.
- Cuir spéis sa leanbh agus cothaigh comhbhá leis nó léi.
- Má bhíonn lagú cumarsáide ag an leanbh, bheadh sé úsáideach roinnt príomhscileanna a shealbhú ina m(h)odh cumarsáide.
- D'fhéadfaí go mbeadh sainoilúint áirithe úsáideach nó riachtanach, mar shampla maidir le speictream an uathachais, titimeas agus neamhoird eile.
- D'fhéadfaí gur ghá measúnuithe riosca a dhéanamh chun sábháilteacht roinnt leanaí/daoine óga a bhfuil sainriachtanais acu a chinntiú.
- D'fhéadfaí go mbeadh cóimheas foirne ní b'airde ag teastáil dá mbeadh riachtanais bhreise nó fadhbanna iompair ag an leanbh.
- D'fhéadfaí gur dhóichí go ndéanfaí bulaíocht nó mí-úsáid de chineálacha éagsúla ar leanaí/daoine óga a bhfuil sainriachtanais acu i gcomparáid le leanaí/daoine óga eile, agus d'fhéadfaí nach mbeadh an tuisceant chéanna acu ar theorainneacha fisiciúla agus mothúchána.
- Tá sé an-tábhachtach ar fad go n éistear go cúramach le leanaí/daoine óga a bhfuil sainriachtanais acu mar b'fhéidir go mbeadh deacracht acu ábhar imní a chur in iúl. Mar sin, tá sé tábhachtach aird chuí a thabhairt ar a bhfuil le rá acu

## Dlúthchúram Pearsanta

Cuirtear síos ar an dlúthchúram pearsanta mar chabhair le rud ar bith de nádúr pearsanta nó príobháideach nach féidir leis an duine a dhéanamh dó nó di féin.

**Ceisteanna a bhaineann leis an dlúthchúram pearsanta:** Nuair a bhíonn leanbh ag a bhfuil sainriachtanais á thabhairt nó á tabhairt isteach i ngníomhaíocht, tá sé tábhachtach a dhearbhu an bhfuil riachtanais dlúthchúraim phearsanta aige nó aici, agus cé a dhéanfaidh é sin nó a chabhróidh leis sin más gá. Ná déan dearmad nach mbíonn riachtanais dlúthchúraim phearsanta ag gach leanbh faoi mhíchumas. Bíonn an dlúthchúram pearsanta an brath ar an duine féin go pointe áirithe, agus braitheann sé freisin ar thaithí phearsanta, ar ionchais chultúrtha agus ar inscne.

Go ginearálta, ní bhítear ag súil go mbeidh pearsanra na hEaglaise páirteach i ndlúthchúram pearsanta a chur ar fáil do leanaí/dhaoine óga. Ba cheart do dhaoine atá cáilithe go cuí é sin a dhéanamh. Ba cheart do gach duine lena mbaineann plé a dhéanamh agus teacht ar chomhaontú maidir le cé a chuirfidh dlúthchúram pearsanta ar fáil do leanbh:

- ba cheart tuairimí an linbh a fháil amach.
- ba cheart labhairt leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus ba cheart toiliú a fháil uathu.
- ba cheart róta cúramóirí den inscne chéanna leis an leanbh a chomhaontú.
- ní mór aois, céim forbartha agus eitneachas an linbh a chur san áireamh.

An rud is tábhachtaí ná go mbeifear ar aon intinn roimh ré maidir le cé a chuirfidh an dlúthchúram pearsanta ar fáil agus cén chaoi ar cheart é a dhéanamh. Cuimsítear na nithe seo a leanas leis na treoirlínte atá le cur san áireamh agus dlúthchúram pearsanta á chur ar fáil:

- íogaireacht tascanna den sórt sin; an gá atá ann caitheamh le gach aon leanbh le meas agus dínit.
- an gá atá ann príobháideacht iomchuí a léiriú.
- an gá atá ann rannpháirt a thabhairt don leanbh ina chúram nó ina cúram féin an oiread agus is féidir.
- a thábhachtaí atá sé comhsheasmhacht a chinntiú maidir leis an duine a chuireann an cúram ar fáil.

Má bhíonn leanbh trí chéile nó míshásta, ba cheart é sin a phlé leis na tuismitheoirí/caomhnóirí, más iomchuí, agus le ceannaire na gníomhaíochta. Ba cheart aon ábhar imní nó líomhain a thuairisciú de réir na nósanna imeachta i gCaighdeán 2.

### 1.11 Turais as baile le leanaí/daoine óga

Bíonn an-tairbhe agus sásamh le fáil as turais as baile do leanaí/daoine óga ag daoine fásta agus ag na leanaí/daoine óga a bhíonn páirteach iontu. Mar sin féin, is gá machnamh agus pleanáil chúramach a dhéanamh chun é sin a dhéanamh ar bhealach sábháilte ina gcosnaítear gach duine lena mbaineann. Tá roinnt réimsí anseo thíos ar cheart iad a bhreithniú agus turas as baile á phleanáil.

#### Turais as baile a phleanáil

An bhfuil na nithe seo a leanas déanta agat:

- An ndearna tú aidhm agus torthaí an chláir a shainiú?
- Ar lean tú beartas agus nósanna imeachta na deoise maidir le cosaint leanaí?
- An ndearna tú measúnú guaise (féach Aguisín A SG-06 Foirm measúnaithe guaise)?
- Ar roghnaigh tú baill foirne/oibríthe deonacha i gcomhréir le nósanna imeachta na deoise?
- Ar roghnaigh tú príomhbhall foirne ar a mbeidh an fhreagracht fhoriomlán as an turas?
- Ar roghnaigh tú baill foirne don turas a bhfuil oiliúint agus cáilíochtaí acu agus a ndearnadh grinnfhiosrúchán orthu (más cuí)?
- Ar sheiceáil tú an bosca garchabhrach?
- Ar ainmnigh tú ball foirne a bheidh freagrach as an ngarchabhair más gá?
- Ar chinntigh tú go bhfuil maoirseacht leordhóthanach agus inscne-bhunaithe agat i gcomhréir leis na beartais agus na nósanna imeachta cosanta leanaí?
- Ar cheap tú duine teagmhála sa bhaile ag a bhfuil rochtain ar an bhfaisnéis agus ar na sonraí teagmhála go léir?
- Ar sheiceáil tú d'árachas féin, agus ar chinntigh tú go bhfuil na gníomhaíochtaí go léir clúdaithe?
- Ar sheiceáil tú go bhfuil árachas cuí, tiománaithe cáilithe agus criosanna sábháilteachta ag an modh iompair?
- An ndearna tú seiceáil sábháilteachta ar an trealamh?
- An bhfuil tú ullamh más gá filleadh abhaile go luath?
- An bhfuil buiséad agus ciste teagmhais ann?
- Ar sheiceáil tú na hionaid agus an lóistín don turas as baile le déanamh cinnte go bhfuil na nithe seo a leanas acu:
  - Beartas, cleachtais agus nósanna imeachta cosanta iomchuí i bhfeidhm
  - Clúdach árachais
  - Baill foirne a bhfuil oiliúint agus cáilíochtaí iomchuí acu
  - Limistéir ghléasta do bhuaicillí agus do chailíní (más gá)
  - Rochtain do dhaoine faoi mhíchumas (más gá)

Maidir leis na daoine óga/rannpháirtithe:

- An raibh siad rannpháirteach an oiread agus is féidir i bpleanáil an turais?
- Ar tháinig siad ar chomhaontú maidir le cód iompair?
- Ar tháinig siad ar chomhaontú maidir le teorainneacha i leith am saor?
- Ar tugadh faisnéis dóibh ar éadaí iomchuí?
- Ar tugadh sonraí teagmhála na gceannairí dóibh?
- Ar thoiligh siad don turas as baile?



Maidir le tuismitheoirí/caomhnóirí:

- Ar bhuailead siad leis na ceannairí agus ar tugadh faisnéis ar an gclár dóibh?
- Ar tugadh faisnéis dóibh ar bheartas agus ar nósanna imeachta cosanta na Deoise?
- Ar thug siad cead i scríbhinn?
- Ar thug siad sonraí teagmhála, sonraí leighis lena n-áirítear faisnéis ar ailléirgí, tinnis, cógais, agus riachtanais chothaithe?
- Ar tugadh sonraí teagmhála na gceannairí agus an ionaid dóibh?
- Ar tugadh sonraí dóibh chun na daoine óga/rannpháirtithe a fhágáil agus a bhailiú?

Maidir leis na baill foirne:

- Ar cuireadh oiliúint orthu ar chód iompair agus ar bheartas cosanta leanaí na Deoise, ar conas déileáil le nochtadh, agus ar conas déileáil le hiompar dúshlánach?
- Ar tugadh freagrachtaí dóibh agus an bhfuil sceideal sosanna leagtha amach?
- An bhfuil siad ar an eolas maidir le conas déileáil le héigeandáil agus cé leis ar cheart dul i dteagmháil i gcás éigeandála?
- Ar oibrigh siad le daoine óga chun measúnú a dhéanamh ar chomh maith is a d'éirigh leis an ngníomhaíocht? I gcás turas thar oíche:
  - Ar sheiceáil tú go bhfuil rochtain 24/7 ar bhaill foirne an ionaid?
  - Ar sheiceáil tú go bhfuil socruithe codlata iomchuí ann do dhaoine óga .i. áit ar leith do bhuachaillí agus do chailíní, agus áit ar leith do na ceannairí (faoi fhad éisteachta de na daoine óga)?
  - Ar sheiceáil tú maoirseacht agus slándáil an ionaid?



## 1.12 Maoin na hEaglaise in úsáid ag grúpaí seachtracha

Go praiticiúil, bíonn maoin na hEaglaise in úsáid ag grúpaí seachtracha mar seo a leanas:

1. Grúpaí seachtracha a úsáideann maoin na hEaglaise.
2. Maoin na hEaglaise in úsáid agus í ar cíos le haghaidh ócáidí príobháideacha.

### Grúpaí seachtracha a úsáideann maoin na hEaglaise

Is den riachtanas go mbíonn árachas ag gach grúpa a bhíonn ag obair le leanaí/daoine óga sa chomhlacht eaglasta agus/nó a mbíonn saoráidí de chuid an chomhlachta in úsáid aige, agus go mbíonn beartas cosanta leanaí i bhfeidhm.

An prionsabal ginearálta atá ann ná gur ar an ngrúpa atá ag úsáid mhaoin na hEaglaise, seachas ar an gcomhlacht eaglasta, atá an oibleagáid cloí leis na ceanglais maidir le hárachas agus le cosaint leanaí.

- Tá an fhreagracht ar aon ghrúpa a úsáideann maoin na hEaglaise chun gníomhaíochtaí a reáchtáil do leanaí/dhaoine óga a chinntiú go gcloíonn siad leis an reachtaíocht agus leis na treoirlínte go léir maidir le cosaint leanaí.
- Ní mór beartas agus nósanna imeachta cosanta leanaí dá chuid féin a bheith ag an ngrúpa. Tá an fhreagracht ar an ngrúpa freisin idirchaidreamh a dhéanamh le Tusla lena chinntiú go gcloíonn an beartas agus na nósanna imeachta leis na riachtanais reachtúla.
- Ní mór árachas iomchuí a bheith ag an ngrúpa don ghníomhaíocht atá á reáchtáil aige.
- Níor cheart don chomhlacht eaglasta, ag am ar bith, cabhrú le haon ghrúpa seachtrach beartas cosanta leanaí a fhorbairt.
- Ní mór don ghrúpa deimhniú a thabhairt i scríbhinn don chomhlacht eaglasta go bhfuil beartas cosanta leanaí i bhfeidhm aige (féach Aguisín A SG-07 Foirm maidir le maoin na hEaglaise in úsáid ag grúpaí seachtracha). Ní hé ról an chomhlachta eaglasta é leordhóthanacht an bheartais a bhailíochtú. Ar Tusla atá an fhreagracht sin.
- Ní mór don ghrúpa deimhniú a thabhairt i scríbhinn don chomhlacht eaglasta go bhfuil árachas iomchuí aige (féach Aguisín A SG-07 Foirm maidir le maoin na hEaglaise in úsáid ag grúpaí seachtracha).

### Treoir maidir le maoin na hEaglaise in úsáid agus í ar cíos le haghaidh ócáidí príobháideacha

Maidir le daoine fásta (tuismitheoirí/caomhnóirí/daoine muinteartha) a iarrann cead ar an Deoise maoin na hEaglaise a úsáid le haghaidh ócáidí príobháideach, níl ceanglas ar an Deoise grinnfhiosrúchán a dhéanamh orthu.

Tá árachas ag gach paróiste/pobal chun ócáidí príobháideacha aonuaire a chlúdach, agus is ar an lucht eagraithe amháin atá an fhreagracht maoirseacht a dhéanamh ar gach leanbh/duine óg a fhreastalaíonn ar an ócáid. Dá bhrí sin, ní gá dóibh a dheimhniú a thabhairt i scríbhinn go bhfuil beartas cosanta ná árachas iomchuí acu.

Mar sin féin, is den dea-chleachtas é go gcinnteoidh gach sagart paróiste go bhfuil na príomhbhearta sláinte agus sábháilteachta clúdaithe roimh thoiliú le húsáid na maoine. Mar shampla, ba den dea-chleachtas é comhaontú a dhréachtú le húsáideoir féideartha (mar shampla i gcás cóisir lá breithe príobháideach do leanbh) ina n-aibhseofaí na téarmaí agus coinníollacha d'úsáid mhaoin na hEaglaise, agus ba cheart na nithe seo a leanas a chuimsiú ann:

- Go gcinnteoidh an comhlacht eaglasta go bhfuil an mhaoin sábháilte le húsáid, lena n-áirítear conas is ceart timpistí ag éirí as bail na maoine a thuairisciú.
- Nach bhfuil an comhlacht eaglasta freagrach as an eagrúchán, ná as iompar leanaí/daoine óga nó daoine fásta san ócáid ná as maoirseacht a dhéanamh orthu.
- Nach mbíonn feidhm le beartas cosanta an chomhlachta eaglasta i gcás cóisir príobháideach agus, dá bhrí sin, is ar lucht eagraithe an imeachta seachas ar an gcomhlacht eaglasta atá an fhreagracht as na socruithe cosanta go léir.

### 1.13 Sceithireacht

Ní mór do gach ball foirne agus oibrí deonach laistigh de chomhthéacs agus de ghníomhaireachtaí na Deoise a aithint go bhfuil an fhreagracht ar gach duine díobh aon ábhar inní a chur in iúl don mhaoirseoir/uachtarán/bhainisteoir.

D'fhéadfadh an sagart paróiste, uachtarán an tí rialta, nó an t-easpag a bheith i gceist. D'fhéadfadh sé a bheith deacair é sin a dhéanamh, ach tá sé an-tábhachtach ar fad i gcás ina bhféadfadh leas leanaí/daoine óga a bheith i mbaol.

D'fhéadfá a bheith ar an gcéad duine a aithneoidh go bhfuil rud éigin mícheart, ach b'fhéidir nach mothófa ar do chompord an inní sin a chur in iúl toisc go mbeadh sé mídhilis do chomhghleacaithe, nó b'fhéidir go mbeadh inní ort go ndéanfaí ciapadh nó íospairt ort. Bíodh is go bhfuil na mothúcháin sin nádúrtha, níor cheart go leanfadh leanbh nó duine óg de bheith i mbaol gan ghá mar thoradh ar na mothúcháin sin. Ná déan dearmad gur ar na leanaí/daoine óga is soghonta a dhírítear go minic. Bíonn daoine ag teastáil ó na leanaí/daoine óga sin chun a leas a chosaint.

**Ná samhlaigh 'cuir i gcás nach bhfuil an ceart agam...' Samhlaigh 'cuir i gcás go bhfuil an ceart agam!'**

***(Tá tuilleadh faisnéise le fáil i gCaighdeán 1 de Bheartas, Chaighdeáin agus Threoirínte Cosanta Leanaí sa Rannán Cosanta ar láithreán gréasáin na Deoise).***

### 1.14 Nósanna imeachta chun gearáin a dhéanamh maidir le hábhair inní i ndáil le cúrsaí cosanta nach líomhaintí mí-úsáide iad

#### Réamhrá

Is é an sainmhíniú atá ar ghearán casaoid agus/nó ábhar inní a chur in iúl maidir le sáruithe ar chóid iompair. Ní bhaineann líomhaintí ná amhras i leith mí-úsáid leanaí leis an gcatagóir seo de ghearáin ghinearálta, agus ba cheart déileáil leo sin i gcónaí i gcomhréir le Caighdeán 2. Níor cheart do phearsanra na hEaglaise úsáid a bhaint as an nós imeachta seo chun gearáin a dhéanamh mar bhainfeadh siadsan úsáid as an nós imeachta sceithireachta chun a ngearán a dhéanamh.

Tabharfar aird ar gach aon ghearán agus láimhseálfar iad go cothrom agus go rúnda. Déanfar gach iarracht réiteach tapa neamhfhoirmiúil a aimsiú ar ghearáin trí labhairt le tuismitheoirí/caomhnóirí, leanaí/daoine óga, oibríthe deonacha/baill foirne agus leis an gcléir de réir mar is cuí.

Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí, daoine óga/leanaí, oibríthe deonacha, baill foirne agus an chléir ar an eolas go bhfuil nós imeachta ann chun gearáin a dhéanamh. Tá cóip den fhoirm chun gearán a dhéanamh le fáil in Aguisín A - Foirm maidir le gearáin ghinearálta SG-08.

Más rud é nach bhfuil tuismitheoir/caomhnóir nó duine óg/leanbh sásta le gné ar bith d'eagrú gníomhaíochta ar leith, nó le hiompar aon duine atá páirteach sa ghníomhaíocht sin, ba cheart na céimeanna seo a leanas a leanúint:

- I dtosach báire, ba cheart gach gearán den sórt sin a réiteach trí phlé oscailte le pearsanra na hEaglaise lena mbaineann.
- Ansin, más rud é nach féidir teacht ar réiteach, ba cheart na bearta seo a ghlacadh:
  - Ba cheart dul i dteagmháil le húdarás na hEaglaise ach foirm maidir le gearáin a chomhlánú (Aguisín A - Foirm maidir le gearáin ghinearálta SG-08).
  - Tá ocht seachtaine ag údarás na hEaglaise a bhreithniú a dhéanamh ar an ngearán.
  - Ba cheart litir a sheoladh laistigh de sheacht lá féilire ina n-admhófar go bhfuil an gearán faighte, agus ba cheart cóip den nós imeachta chun gearáin a dhéanamh a chur in éineacht leis an litir sin.
  - Ní mór gach gearán a iniúchadh ina iomláine.
  - Féadfaidh údarás na hEaglaise cruinniú a eagrú chun an gearán a phlé agus, le cúnadh Dé, réiteach a aimsiú.

- Féadfar an plé sin a dhéanamh ar an teileafón más rud é nach féidir cruinniú a reáchtáil. Ní mór é sin a dhéanamh laistigh de cheithre lá féilire dhéag tar éis an litir admhála a sheoladh chuig an ngearánach.
- Scríobhfaidh údarás na hEaglaise chuig an ngearánach laistigh de sheacht lá tar éis an chruinnithe nó an phlé leis an méid a tharla a dheimhniú agus le haon réiteach a comhaontaíodh a leagan amach.
- Murar féidir teacht ar chomhaontú maidir le cruinniú ná cruinniú a reáchtáil, seolfaidh údarás na hEaglaise freagra mionsonraithe i scríbhinn chuig an ngearánach ina leagfar amach moltaí chun an cás a réiteach laistigh d'fhiche a haon lá féilire tar éis an litir admhála a sheoladh.
- Más rud é nach bhfuil an gearánach sásta fós ag an bpointe sin, ba cheart dó nó di dul i dteagmháil le húdarás na hEaglaise arís.
- Ag deireadh na céime sin, d'fhéadfadh údarás na hEaglaise cinneadh beart eile a ghlacadh i leith an ghearáin. Mar sin féin, más rud é go gcinneann údarás na hEaglaise gan beart eile a ghlacadh, is é sin deireadh an phróisis.
- Murar féidir teacht ar chomhaontú maidir le cruinniú ná cruinniú a reáchtáil, seolfaidh údarás na hEaglaise freagra mionsonraithe i scríbhinn chuig an ngearánach ina leagfar amach moltaí chun an cás a réiteach laistigh d'fhiche a haon lá féilire tar éis an litir admhála a sheoladh.
- Más rud é nach bhfuil an gearánach sásta fós ag an bpointe sin, ba cheart dó nó di dul i dteagmháil le húdarás na hEaglaise arís.
- Ag deireadh na céime sin, d'fhéadfadh údarás na hEaglaise cinneadh beart eile a ghlacadh i leith an ghearáin. Mar sin féin, más rud é go gcinneann údarás na hEaglaise gan beart eile a ghlacadh, is é sin deireadh an phróisis.

### 1.15 Measúnú guaise ar ghníomhaíochtaí le leanaí/daoine óga

Gné rithábhachtach den obair le leanaí/daoine óga is ea measúnú guaise. Cabhraíonn sé chun saincheistanna sláinte agus sábháilteachta, agus leas leanaí/daoine óga ar aon, a bhainistiú. Is é is guais ann dochar féideartha nó éifeacht dhíobhálach ar shláinte duine nó daoine. D'fhéadfadh cuid acu seo a leanas a bheith i gceist:

- Gan cloí le cleachtas cosanta éifeachtach, amhail easpa cóimheasa maoirseachta nó easpa foirmeacha toilithe.
- Guaiseacha leighis, amhail gan leigheas a ghlacadh nuair is gá, nó cleachtas míchuí maidir le dlúthchúram pearsanta.
- Guaiseacha fisiciúla amhail cáblaí leictreacha contúirteacha nó cóngarach d'uisce.

### Ba cheart iad seo a leanas a thabhairt ar aird chun timpleallacht atá saor ó ghuaiseacha a chinntiú:

- In áiteanna amhail limistéir ghléasta, leithris agus cithfholcadáin, ba cheart go mbeadh áiteanna ar leith ann do bhuachaillí agus do chailíní.
- Ní mór maoirseacht leordhóthanach atá oiriúnach ó thaobh inscne de a dhéanamh ar bhuachaillí agus ar chailíní sna limistéir sin.
- Déan cinnte go mbíonn an grúpa ag feidhmiú i dtimpeallacht atá sábháilte agus go leantar na gnáth-threoirí sláinte agus sábháilteachta.
- Déan cinnte go bhfuil réamhchúraimí in aghaidh tine i bhfeidhm agus go ndéantar seiceáil rialta ar gach múchtóir tine.
- Déan cinnte go bhfuil fáil éasca ar bhosca garchabhrach. Ba cheart seiceáil rialta a dhéanamh air sin agus soláthairtí breise a chur ann de réir mar is gá. Tabhair faoi deara nár cheart ach do phearsanra oile cóireáil garchabhrach a thabhairt.
- Tá rochtain ar theileafón an t-am ar fad rithábhachtach i gcás éigeandála.
- Is gá árachas leordhóthanach a fháil chun gach gníomhaíocht a chlúdach. Seiceáil leis an soláthraí árachais ábhartha i gcás aon éiginnteacht maidir leis an leibhéal clúdaigh atá i bhfeidhm.
- I gcás ina soláthraíonn an paróiste nó an ghníomhaíocht pharóiste modh iompair nó ina bhfaightear modh iompair ar cíos, déan cinnte go gcloíonn na tiománaithe agus na feithiclí leis na ceanglais dhlíthiúla atá i bhfeidhm. Cuir tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas i gcónaí maidir leis an iompar a bhíonn in úsáid.

- Ba cheart athbheithniú rialta a dhéanamh ar áiseanna, nósanna imeachta agus cleachtais.
- Ba cheart go mbeadh fáil éasca ar uimhreacha teagmhála do thuismitheoirí/chaomhnóirí na leanaí agus na ndaoine óga atá páirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an Eaglais.
- Cinntigh go ndéantar foirm tuairiscithe ar thimpiste/eachtra a chomhlánú i gcás aon timpiste nó eachtra a bhaineann le leanbh/duine óg.

Gné ríthábhachtach is ea an measúnú guaise chun timpeallacht shábháilte a chruthú do leanaí/dhaoine óga agus do dhaoine fásta.

**(Tá tuilleadh faisnéise le fáil san Fhoirm Measúnaithe Guaise in Aguisín A den lámhleabhar seo agus i gCaighdeán 1 de Bheartas, Chaighdeán agus Threoirínte Cosanta Leanaí sa Rannán Cosanta ar Láithreán gréasáin na Deoise).**

### 1.16 Úsáid na teicneolaíochta

Ní mór d'údaráis na hEaglaise measúnú a dhéanamh ar thairbhí na teicneolaíochta agus ar conas is féidir an teicneolaíocht a úsáid go sábháilte agus go héifeachtach, i gcomhréir le rialacha ina dtugtar aird ar dhínt agus ar chearta na n-úsáideoirí go léir, go háirithe leanaí/daoine óga. Baineann an teicneolaíocht leis na catagóirí seo a leanas go hiondúil:

- a. Úsáid an idirlín
- b. Teachtaireachtaí téacs agus ríomhphoist
- c. Grianghraif
- d. Teilifís chiorcaid iata (TCI) agus ceamaraí gréasáin

### Toiliú

Ba cheart toiliú tuismitheoirí/chaomhnóirí agus leanaí/daoine óga a fháil i gcónaí roimh thabhairt faoi ghníomhaíocht ar bith ina n-úsáidtear trealamh TF, amhail iad siúd atá léirithe thuas (féach Aguisín A – Foirm comhthoilithe do leanaí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí SG-04).

Féadfaidh comhlacht eaglasta toiliú foriomlán a lorg freisin ó na baill fhásta agus ó cheannairí grúpa.

Ba cheart aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas agus toiliú á lorg chun íomhánna nó físeáin a úsáid ar son na hEaglaise:

- Ba cheart ceist an toilithe maidir le grianghraif/físeáin a úsáid ar son na hEaglaise a phlé le tuismitheoirí/chaomhnóirí agus le leanaí/daoine óga roimh lá na sacraiminte, agus ba cheart an beartas a mhíniú do gach teaghlach a bheidh i láthair.
- Agus toiliú á lorg maidir le grianghraif/físeáin, ba cheart na cearta chun príobháideachais agus cosanta sonraí atá ag leanaí/daoine óga eile, a dteaghlach agus an pobal níos leithne a chur i gcuimhne do leanaí/dhaoine óga agus dá dteaghlach.
- I gcás daoine a bhfuil ócáid á reáchtáil acu ar son na hEaglaise agus a bhfuil toiliú á lorg acu chun grianghraif/físeáin a úsáid, ba cheart dóibh a thuiscint go mbíonn drogall ar go leor tuismitheoirí/chaomhnóirí cead a thabhairt pictiúir nó físeáin dá leanaí/ndaoine óga, nó de leanaí/dhaoine óga atá faoina gcúram acu, a fhoilsiú don saol mór ar láithreáin amhail YouTube, Facebook, srl.

### Úsáid an idirlín

Aithnítear go bhfuil an-tairbhe ag baint leis an idirlíon agus go mbaintear úsáid fhorleathan as.

Meastar gur iompar do-ghlactha atá i gceist leis na nithe seo thíos, agus ní mór iad a sheachaint i gcónaí:

- Féachaint ar láithreáin idirlín ar a bhfuil ábhar atá maslach, gáirsiúil, pornagrafach nó mídhleathach.
- Úsáid a bhaint as ríomhaire chun calaois nó bradaíl d'aon sórt a dhéanamh.
- Úsáid a bhaint as an idirlíon nó as ríomhphost chun ábhar maslach nó ciapach a sheoladh chuig daoine eile.

- Teanga gháirsiúil nó chiníoch a úsáid i gcumarsáid ríomhchuidithe.
- Ábhar clúmhillteach nó ábhar bréagach eile atá cumtha ag an duine féin nó ag daoine eile a fhoilsiú ar líonra sóisialta.
- Bogearraí mailíseacha d'aon sórt a thabhairt isteach ar an líonra atá in úsáid.
- Dochar a dhéanamh d'aon turas d'aon trealamh teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide.
- Pasfhocal duine eile a úsáid, nó an pasfhocal sin a thabhairt do thríú páirtí.

Tá sé tábhachtach an méid seo a leanas a chur in iúl go soiléir dóibh siúd a mbíonn an t-idirlíon in úsáid acu:

- Ba cheart baill foirne na hEaglaise/oibríthe deonacha/ceannairí grúpa a chur ar an eolas maidir leis an bhfreagracht atá orthu agus ba cheart dóibh toiliú le húsáid chuí a bhaint as an idirlíon mar chuid den chód iompair.
- Baineann an fhreagracht le leanaí/daoine óga a chosaint, agus aire a thabhairt duit féin, do chomhghleacaithe, agus do cheannairí grúpa.
- Ní mór a phasfhocal féin a bheith ag gach duine a mbíonn ríomhaire comhroinnte in úsáid aige.
- Tá oiliúint in úsáid chuí fhreagrach an idirlín agus ríomhairí ríthábhachtach chun cloí leis an dea-chleachtas i ngach gníomhaíocht a bhaineann le leanaí/daoine óga, comhghleacaithe agus oibríthe deonacha.

### Teachtaireachtaí Téacs agus Ríomhphoist


Is den dea-chleachtas é gan teagmháil a dhéanamh le leanaí/daoine óga ach trína dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, agus tríothu sin amháin. An bealach is éifeachtúla chun é sin a dhéanamh ná úsáid a bhaint as teachtaireachtaí téacs nó ríomhphoist a sheoladh ar an mórchóir. Is modhanna tapa éifeachtacha cumarsáide iad teachtaireachtaí téacs agus ríomhphoist do gach duine atá páirteach i ngníomhaíochtaí na hEaglaise. Mar sin féin, tá rioscaí áirithe ag baint le húsáid shábháilte chuí a bhaint astu, agus ní mór na rioscaí sin a bhainistiú.

Is iad seo a leanas na rioscaí a bhaineann le teachtaireachtaí téacs agus ríomhphoist do leanaí/dhaoine óga:

- Rochtain mhíchuí ar shonraí pearsanta (ainmneacha, uimhreacha, seoltaí ríomhphoist), úsáid mhíchuí a bhaint astu, nó iad a chomhroinnt go míchuí.
- Daoine fásta ag dul i dteagmháil gan iarraidh le leanaí/daoine óga le drochrún, bulaíocht i dteachtaireachtaí téacs i measc piaraí srl.
- Ábhair atá maslach nó míchuí ar bhealach eile a fháil i dteachtaireacht.
- Mealltóireacht le haghaidh mí-úsáid ghnéis.
- Teagmháil dhíreach agus mí-úsáid iarbhír.

Áirítear iad seo a leanas i measc na rioscaí atá ann do dhaoine fásta:

- Míbhír a bhaint as a gcumarsáid le daoine óga.
- Iniúchadh féideartha (idir iniúchadh inmheánach agus iniúchadh ag gníomhaireachtaí reachtúla).
- Gníomh araíonachta féideartha.



## Teachtaireachtaí cuachta téacs agus ríomhphoist nó cineálacha eile meán sóisialta a úsáid

Trína dtuismitheoirí is ceart dul i dteagmháil le leanaí/daoine óga le teachtaireachtaí téacs nó ríomhphoist.

I gcásanna eisceachtúla nuair is ga teagmháil dhíreach a dhéanamh le leanaí/daoine óga, is ceart teachtaireachtaí téacs ar an mórchóir a úsáid. Sa chóras sin, seoltar an teachtaireacht chéanna téacs nó ríomhphoist chuig roinnt daoine óga atá páirteach i ngníomhaíocht nó i ngrúpa ar leith.

Tá de bhuntáiste ag an gcur chuige sin go mbíonn deiseanna níos lú mí-úsáide agus drochúsáide ann i gcomparáid le teachtaireachtaí téacs nó ríomhphoist duine le duine idir baill foirne nó oibríthe deonacha agus leanaí/daoine óga. Ar an ábhar sin, ba cheart cur go láidir in aghaidh teachtaireachtaí téacs nó ríomhphoist duine le duine, agus níor cheart teachtaireachtaí den sórt sin a úsáid mura bhfuil sé iomlán riachtanach.

Tá an treoir seo a leanas á cur ar fáil chun an riosca do gach duine a laghdú an oiread agus is féidir sna cásanna sin:

- Ní mór cead a fháil roimh theachttaireachtaí téacs nó ríomhphoist a chur chuig daoine óga. Ní mór cead sonrath a fháil ó thuismitheoirí/chaomhnóirí i gcás leanaí/daoine óga. Ní mór cead a fháil i scríbhinn ó na tuismitheoirí/chaomhnóirí agus ó na daoine óga féin.
- Ba cheart uimhreacha fón póca na ndaoine óga a stóráil go sábháilte gan rochtain orthu ach ag an mball foirne nó ag an oibrí deonach atá sonraithe mar cheannaire grúpa do na daoine óga agus na tuismitheoirí/chaomhnóirí. Níor cheart na huimhreacha nó na sonraí sin a chomhroinnt le haon duine eile, agus níor cheart iad a úsáid ach chun críocha an chórais teachtaireachtaí téacs agus ríomhphoist maidir le gníomhaíocht na hEaglaise.
- Ní mór gach teachtaireacht téacs agus ríomhphoist a chur mar chuid de bheart chuig grúpa daoine óga .i. seoltar an teachtaireacht téacs chaighdeánach chéanna chuig gach duine sa ghrúpa.
- Níor cheart úsáid a bhaint riamh as an gcóras teachtaireachtaí téacs agus ríomhphoist chun teachtaireachtaí téacs nó ríomhphoist a sheoladh chuig aon duine amháin.
- Ní mór a chur in iúl go soiléir i ngach teachtaireacht téacs agus ríomhphoist a sheoltar chuig daoine óga cé uaidh a bhfuil an teachtaireacht ag teacht.
- Níor cheart go mbeadh sé ar chumas leanaí óga teachtaireacht téacs nó ríomhphoist a sheoladh ar ais chuig an gcóras. Mar mhodh cumarsáide aontreo is ceart é a úsáid.
- Ná bíodh aon teanga gháirsiúil, mhaslach, ná mhíchúí sna teachtaireachtaí téacs agus ríomhphoist a sheoltar amach.
- I gcás ina bhfuil an treoir seo á cur ar fáil maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an Eaglais, ní mór go mbeadh na teachtaireachtaí téacs nó ríomhphoist go léir a sheoltar amach ag baint go díreach le gníomhaíochtaí na hEaglaise. Ná húsáidtear an córas teachtaireachtaí téacs nó ríomhphoist ná na huimhreacha fón póca riamh le haghaidh rud ar bith eile nó ar bhealach ar bith eile.
- Ba cheart abairt a chur ag bun gach teachtaireachta téacs nó ríomhphoist le cur ar chumas an duine óig díliostáil ó theachttaireachtaí téacs agus ríomhphoist eile a fháil.

## Úsáid Grianghraf

Bíonn rioscaí díreacha agus indíreacha do leanaí agus do dhaoine óga ag baint le húsáid grianghraf ar láithreáin ghréasáin agus i bhfoilseacháin eile ar líne agus ar pháipéar. Más mian le húdarás eaglasta íomhánna de leanaí/daoine óga lena mbíonn sé ag obair a úsáid, ba cheart go mbeadh sé eolach ar na nithe seo a leanas:

- Níl an Eaglais freagrach as úsáid grianghraf mura bhfuil sé i gceist na grianghraif a úsáid chun críocha na hEaglaise. Maidir le grianghraif a ghlacann teaghlaiigh agus scoileanna ag imeachtaí eaglasta amhail céad chomaoineach, bainis nó cóineartú, níl an Eaglais freagrach as na grianghraif sin mura nglactar iad chun críocha na hEaglaise féin.

### Rioscaí do leanaí/dhaoine óga

Fiú má choimeádtar aitheantas pearsanta an linbh (ainm iomlán, seoladh) faoi rún, d'fhéadfaí é nó í a aithint ó shonraí eile a ghabhann leis an ngrianghraf, rud a fhágann go mbíonn siad soghonta ó thaobh daoine a bhíonn ag lorg leanaí/daoine óga le mealltóireacht agus mí-úsáid a dhéanamh orthu. Tá an baol ann freisin go bhféadfadh daoine eile úsáid mhíchuí a bhaint as an ngrianghraf. Is éasca grianghraif a chóipeáil agus a athrú, chun íomhánna mí-úsáide leanaí a chruthú b'fhéidir, agus d'fhéadfaí iad a fhoilsiú ar leathanaigh ghréasáin eile ansin.

### An chaoi leis na rioscaí a laghdú an oiread agus is féidir

- Leag amach na cineálacha íomhá ar léiriú cuí iad ar an ngníomhaíocht, agus déan machnamh géar cúramach ar aon íomhánna ina léirítear leanaí agus daoine óga ar láithreán gréasáin nó i bhfoilseachán de chuid na hEaglaise.
- Ná luaigh ainm iomlán an linbh nó na leanaí/na ndaoine óga i dteannta na híomhá nó na n-íomhánna.
- Ná húsáid ach íomhánna de leanaí/dhaoine óga atá gléasta go cuí agus atá dírithe ar an ngníomhaíocht, seachas ar aon leanbh ar leith.
- Bí cinnte cead a fháil – ba cheart cead a fháil ó thuismitheoirí/chaomhnóirí agus ó leanaí/dhaoine óga i gcónaí nuair a bhíonn íomhá de dhuine óg in úsáid. Ba cheart go mbeadh thuismitheoirí/chaomhnóirí ar an eolas i dtaobh bheartas na hEaglaise maidir le híomhánna de leanaí/dhaoine óga a úsáid agus ar an gcaoi a léirítear an Eaglais nó gníomhaíocht dá cuid iontu. Ní mór é sin a thairneadh ar fhoirm comhthoilithe maidir le híomhánna de leanaí/dhaoine óga a úsáid. Ní mór cead an linbh lena (h)íomhá a úsáid a thairneadh freisin (ag brath ar a (h)aois agus ar a c(h)umas cead a thabhairt). Ar an gcaoi sin, cinntítear go bhfuil siad ar an eolas ar an úsáid a bhainfeadh as an íomhá chun an ghníomhaíocht a léiriú (féach Aguisín A – Foirm comhthoilithe do leanaí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí SG-04).

### Grianghrafadóirí

Is minic a bhíonn grianghrafadóirí fostaithe ag an Eaglais le haghaidh ócáidí sacraiminteacha nó gníomhaíochtaí eaglasta. I gcás ina bhfostaítear grianghrafadóir, tá sé tábhachtach na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Treoracha soiléire a chur ar fáil maidir lena dtuigtear le hábhar agus le hiompar iomchuí.
- Cruthúnas aitheantais a thabhairt don ghrianghrafadóir nach mór dó é a chaitheamh an t-am go léir.
- Ná ceadáigh rochtain gan mhaoirseacht ar leanaí/dhaoine óga ná seisiúin ghrianghrafadóireachta duine ar dhuine ag na himeachtaí.
- Ná ceadáigh seisiúin ghrianghrafadóireachta atá ar shiúl ón imeacht, ag teach an duine óig, mar shampla.
- Cuir in iúl do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do leanaí/dhaoine óga go mbeidh grianghrafadóir i láthair, agus déan cinnte go dtuillíonn siad do ghlacadh agus d'fhoilsiú grianghraf nó físeán.
- Iarr deimhniú maidir le haon fhoilseacháin a dhéanfaidh an grianghrafadóir tar éis an imeachta.

**Tabhair faoi Deara:** Má tá sé i gceist ag thuismitheoirí/chaomhnóirí agus lucht an pharóiste grianghraif nó físeáin a ghlacadh ag imeacht eagraithe, ba cheart eolas a thabhairt dóibh ar a bhfuil agus nach bhfuil ceadaithe.





### Freagairt d'ábhair imní

Má bhíonn ábhair imní ar bith ag leanaí/daoine óga agus tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le grianghrafadóireacht mhíchuí nó grianghrafadóireacht a bheith ag cur isteach orthu, ba cheart a chur in iúl dóibh gur cheart na hábhair imní sin a thuairisciú don údarás eaglasta lena chinntiú go láimhseálfar gach ábhar imní a thuairiscítear ar an gcaoi chéanna le haon saincheist eile a bhaineann le cosaint leanaí.

### Teilifís chiorcaid iata (TCI) agus ceamaraí gréasáin a úsáid



Tá impleachtaí móra ag an úsáid níos mó atá á baint as teilifís chiorcaid iata (TCI) agus as an idirlíon. Mura mbaintear úsáid as córais den sórt sin le haire chuí agus le meas, d'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le himní go bhfuiltear ag cur isteach ar 'spás príobháideach' an duine nó go bhfuiltear ag baint den spás sin ar bhealach míréasúnach.

Ceanglaítear in Alt 2(1)(c)(iii) den Acht um Chosaint Sonraí go mbeidh sonraí 'leordhóthanach agus ábhartha' agus nach mbeidh siad iomarcach, agus go mbeidh siad oiriúnach don fheidhm dá mbailítear iad.

Má bhíonn rialaitheoir sonraí (.i. easpag, sagart paróiste srl.) sásta go bhfuil údar le córas TCI a shuiteáil, ba cheart dó machnamh cúramach a dhéanamh ar an úsáid a bhainfeadh as agus féachaint an measfar na húsáidí sin mar a bheith réasúnach sna himthosca.

Is dócha gur chun áitreabh nó maoin eile a choinneáil slán is ea an úsáid is mó a bhaintear as córais TCI agus, dá bhrí sin, beidh sé i gceist go nglacfaidh an córas íomhánna de bhuirgléirí nó de dhaoine eile a dhéanann dochar do mhaoin nó a bheireann earraí leo gan chead.

Chuirfeadh sé isteach go mór ar fhostaithe dá ndéanfaí monatóireacht leanúnach orthu le TCI, agus bheadh imthosca speisialta ag teastáil le húdar a thabhairt leis.

Ní mór breithniú cúramach a dhéanamh ar an áit a suiteálfar TCI, agus bheadh sé deacair údar a thabhairt lena úsáid i limistéir ina mbeadh súil réasúnach le príobháideacht ag daoine, mar shampla leithris agus seomraí gléasta.

Maidir le ceamaraí atá suiteáilte chun limistéir sheachtracha a thaifeadadh, ba cheart iad a shocrú ionas nach ndéantar taifeadadh, nó a laghad taifeadta agus is féidir, ar dhaoine ag dul thar bráid nó ar mhaoin phríobháideach duine eile.

Ba cheart cuimhneamh ar na nithe seo a leanas:

- Má bhíonn ceamaraí TCI in úsáid, tá sé tábhachtach go mbeadh fógraí ann atá le feiceáil go soiléir chun é sin a chur in iúl do phearsanra na hEaglaise, do lucht an pharóiste, d'oibríthe deonacha agus don phobal.
- Bíodh úsáid TCI iomchuí agus oiriúnach don fheidhm shonrach. Ós rud é go gcuireann TCI isteach ar phríobháideacht na ndaoine a ghabhtar sna híomhánna, ní mór cúis dhlísteanaigh a bheith ann chun córas dá leithéid a shuiteáil.
- Má tá córas den sórt sin á chur isteach, ní mór an cuspóir atá leis a chur ar taispeánt in áit fheiceálach,

de rogha ar chlár fógraí faoi ghlas áit nach ndéanfar dochar don fhógra ná nach mbainfear anuas é. I gcás séipéil, is léir go bhféadfaí é sin a dhéanamh sa phóirse agus ag gach bealach isteach.

- Ba cheart na híomhánna a choimeád ar feadh fiche a hocht lá ar a mhéad (féach Alt 2(1)c(iv) den Acht um Chosaint Sonraí). D'fhéadfaí íomhánna a choimeád go heisceachtúil ar feadh tréimhse níos faide i gcás inar ghá iad a choimeád go sonrach i gcomhthéacs imscrúdú.
- Ba cheart téipeanna a stóráil in áit shlán, i dteannta cuntais ar an rochtain ar théipeanna. Níor cheart go mbeadh rochtain orthu ach ag daoine údaráithe amháin. Ba cheart bearta comhchosúla a bheith i bhfeidhm i gcás gur ar dhiosca a shábháiltear na híomhánna, agus ba cheart go gcruthófaí cuntas go huathoibríoch ar rochtain ar na híomhánna.

### Craoladh ar an nGréasán

Is ann do roinnt saincheisteanna maidir le cosaint sonraí ar gá cloí leo maidir le craoladh ar an idirlíon. Ba cheart na nithe seo a leanas a léiriú sa bheartas:

- Meastar gur próiseáil ar shonraí pearsanta atá i gceist le daoine a thaifeadh ar cheamara gréasáin agus leis na híomhánna sin a chraoladh ar an idirlíon ina dhiaidh sin. Níor cheart é a dhéanamh riamh gan toiliú ón duine atá i gceist.
- Ba cheart seatanna leathana a úsáid i gcás seatanna ceamara (íomhánna) den phobal ionas nach bhféadfaí daoine a aithint go héasca in íomhánna gar-amhairc.
- Ba cheart comharthaí a chur ag gach doras isteach chuig an séipéal agus in áiteanna feiceálacha eile le cur in iúl dóibh siúd atá ag freastal ar shearmanais nó ag tabhairt cuairt ar an séipéal go bhfuil ceamaraí gréasáin i bhfeidhm.
- Má bhíonn leanaí/daoine óga páirteach sa ghníomhaíocht eaglasta atá á taifeadh (mar fhreastalaithe aifrin, ministrí an bhriathair, sa chóir srl.), ní mór cead a fháil uathu féin agus óna dtuismitheoirí/gcaomhnóirí i scríbhinn.
- Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na soláthraithe seirbhíse faisnéis rialta chruinn a thabhairt maidir leis an líon daoine a bhíonn ag logáil isteach ar líne chun féachaint ar ghníomhaíochtaí. Tá an faisnéis sin tábhachtach don phleanáil amach anseo agus chun luach na craoltóireachta gréasáin a mheas.
- Tá sé ríthábhachtach gur féidir deireadh a chur le craoltaí ar líne chun stop láithreach a chur leis an gcaoladh. Ba cheart é sin a dhéanamh ar phainéal rialúcháin an chórais. Murar féidir leis an sagart é sin a dhéanamh ón altóir, ba cheart duine a ainmniú chun deireadh a chur leis an gcaoladh dá mba ghá leis.



## 1.17 Coimeád agus stóráil taifead

Tá liosta sa tábla thíos de na cineálacha taifead is gá a stóráil ar bhealach slán iomchuí i gcaibinéad faoi ghlas in oifig an pharóiste. Faoi gach rialaitheoir sonraí atá sé tréimhse choinneála iomchuí a leagan amach do na sonraí atá á gcoimeád acu bunaithe ar an bprionsabal nár cheart sonraí pearsanta a choinneáil níos faide ná mar is gá chun an fheidhm nó na feidhmeanna dá bhfaightear iad i dtosach a chomhlíonadh (Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí).

Cineál Taifid	Féach Aguisín A
Foirm Iarratais	Foirm SG01
Foirm Dhearbhaithe	Foirm SG02
Nochtadh Grinnfhiosrúcháin	Litir ón Oifig Grinnfhiosrúcháin
Foirm comhaontaithe maidir le cosaint	Foirm SG03
Foirm Toilithe do Thuismitheoirí/ Chaomhnóirí	Foirm SG04
Foirm tuairiscithe ar thimpiste/ eachtra	Foirm SG05
Clár Thinrimh (ní mór do gach grúpa a chlár tinrimh féin a choimeád. Ba cheart clár líonta a chur ar ais chuig oifig an pharóiste.)	Clár sacraistí Clár ginearálta
Foirm measúnaithe guaise	Foirm SG06
Foirm maidir le maoin na hEaglaise in úsáid ag grúpaí seachtracha	Foirm SG07
Foirm maidir le gearáin ghinearálta	Foirm SG08



# Caighdeán 2

## Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí

## Caighdeán 2 - Nósanna imeachta chun freagairt d'amhras, ábhair imní, eolas nó líomhaintí maidir le cosaint leanaí

### 2.0 Mí-úsáid a aithint

Tá ceithre phríomhchineál mí-úsáide ann:

- Faillí
- Mí-úsáid mhothúchánach
- Mí-úsáid chorpártha
- Mí-úsáid ghnéis

Tá sainmhínte ar mhí-úsáid le fáil sa rannán cosanta ar láithreán gréasáin na deoise.



### 2.1 Eolas a fháil ar mhí-úsáid

D'fhéadfá eolas a fháil ar mhí-úsáid ar bhealaí éagsúla:

**D'fhéadfadh daoine (daoine fásta nó leanaí/daoine óga) eolas a thabhairt duit ar na nithe seo a leanas:**

- Mí-úsáid atá á déanamh orthu faoi láthair.
- Mí-úsáid a rinneadh orthu roimhe seo.
- Rud éigin atá ráite ag duine eile leo.

**D'fhéadfá na rudaí seo a fheiceáil nó d'fhéadfadh duine eile eolas orthu a thabhairt duit:**

- Comharthaí mí-úsáide.
- Rud éigin amhail iompar duine fhásta i leith linbh a d'fhágadh go mbeifeá féin nó an leanbh sin míchompordach.

### 2.2 Comhroinnt faisnéise agus rúndacht

Tá an comhlacht eaglasta tiomanta don fhaisnéis phearsanta go léir a bhaineann le leanaí/daoine óga agus a dteaghlach a choinneáil faoi rún. Is é t-aon eisceacht atá ann ná i gcás ina mbíonn ábhar imní ann maidir le cosaint leanaí. Sa chás sin, comhroinnfear faisnéis leis na húdaráis ábhartha ar mhaithe le leas an linbh ar bhonn riachtanas eolais. Ní sárú ar an rúndacht atá i gcomhroinnt na faisnéise sin.

Ní féidir gealltanas maidir le rúndacht a thabhairt riamh i gcás saincheisteanna cosanta leanaí (ach amháin i gcás Shacraimint an Athmhuintearais, féach Cuid 2.8).

Coimeádfar an fhaisnéis rúnda go léir maidir le leanaí/daoine óga agus a dteaghlach go slán sábháilte i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cosaint sonraí.

### 2.3 Líomhaintí mí-úsáide a thuairisciú

Bíonn leanaí/daoine óga ag croílár an phobail Críostaí. Tá sé de cheart acu go n-éistfear lena bhfuil le rá acu. An rud is tábhachtaí i ngach cás a bhaineann le leanaí/daoine óga ná a sábháilteacht agus iad a chosaint ar mhí-úsáid de gach saghas. Chun timpeallacht shábháilte a chruthú agus a chothabháil, ní mór d'eagraíochtaí eaglasta freagairt go héifeachtach agus a chinntiú go ndéantar gach líomhain agus ábhar imní maidir le mí-úsáid a thuairisciú laistigh den Eaglais féin agus do na húdaráis reachtúla araon.


Freagracht **éigeantach** chun tuairiscithe atá ann, agus an t-aon eisceacht atá ar an riail sin ná faisnéis ar bith a fhaigheann sagart faoi shéala sacraiminteach na faoistine.

D'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach mar fhreagracht ábhar imní a thuairisciú. Ní mór a chinntiú sa nós imeachta go dtuigeann gach duine go soiléir na céimeanna atá le glacadh lena chinntiú go dtugtar tús áite do shábháilteacht leanaí/daoine óga i gcónaí.

Tá sé ríthábhachtach gníomhú láithreach nuair a chuirtear aon amhras nó ábhar imní in iúl nó nuair a dhéantar nochtadh nó líomhain mhí-úsáide, agus ní mór an cás a chur ar aghaidh chuig an Teagmhálaí Ainmnithe gan mhoill (féach na sonraí teagmhála taobh istigh den chlúdach ar chúil).

Tagraítear d'ábhar imní ar bith maidir le cosaint leanaí sa tsreabhchairt tuairiscithe anseo thíos, lena n-áirítear ábhar imní a bhaineann le cás nó le duine san Eaglais. Tá an fhreagracht ar gach aon duine san Eaglais a chinntiú nach ndéantar leanaí/daoine óga a fhágáil i mbaol mí-úsáide nuair a d'fhéadfadh cabhair agus cosaint a bheith ag teastáil uathu.

### Sreabhchairt tuairiscithe



### Ná déan dearmad: ní ortsa atá an dualgas iniúchadh a dhéanamh

### Is ortsa atá an dualgas an cás a thuairisciú don Teagmhálaí Ainmnithe

Breac síos nótaí sa chomhrá nuair is féidir agus nuair is praiticiúil é sin a dhéanamh. Iarr cead i gcónaí é sin a dhéanamh, agus mínigh a thábhachtaí atá sé an fhaisnéis go léir a thaifeadh. I gcás nach bhfuil sé oiriúnach nótaí a bhreacadh síos ag an am, scríobh cuntas chomh luath agus is féidir ina dhiaidh nó roimh dheireadh an lae. Scríobh síos an t am, an dáta, an áit, na daoine a bhí i láthair, agus conas a fuarthas an líomhain, mar shampla ar an teileafón, comhrá duine le duine, litir, srl. Déanfar an fhaisnéis tosaigh sin a thaifeadh ar fhoirm atreorúcháin um chosaint leanaí (féach Aguisín A – Foirm Atreorúcháin um Chosaint Leanaí SG-09) agus beidh an fhaisnéis ar an gcéad iontráil i gcomhad ar an gcás a bheidh á choimeád ag an Teagmhálaí Ainmnithe. Ba cheart síniú agus dáta a chur leis an taifead i gcónaí.

Chuimseofaí freisin leis an taifead go hiondúil:

- Faisnéis chruinn aitheantais ar an ngearánach, sa mhéid atá sí ar eolas. Ba cheart a chuimsiú leis sin ainm, seoladh agus aois an ghearánaigh nuair a tharla an mhí-úsáid líomhnaithe.
- Dá mba rud é gur leanbh a chuir ábhar imní/líomhain in iúl, ba cheart sonraí na dtuismitheoir/gcaomhnóirí a thabhairt freisin.
- Ainm an duine a bhfuil an t-ábhar imní/líomhain a déanamh ina choinne, mar aon le haon fhaisnéis aitheantais eile.
- Dátaí a tháinig an t-ábhar imní chun cinn, nó a tharla an eachtra.
- Tuairisc an duine, ina chuid focal féin, ar an imeacht nó ar an eachtra. Ná bain do chiall féin as a bhfuil i gceist leis na focail a úsáideadh.
- Sonraí ar aon ghníomh atá glactha cheana féin maidir leis an eachtra / ábhar imní / líomhain.
- Ná bí roghnaitheach. Cuir sonraí san áireamh nach bhfuil ábhartha, dar leat. D'fhéadfaidís a bheith fíorúsáideach in imscrúdú ina dhiaidh sin. Ba cheart gach taifead bunaidh, nótaí garbha san áireamh, a thabhairt láithreach don Teagmhálaí Ainmnithe ábhartha. Ba cheart cóipeanna de thaifid choimeádta a choinneáil go slán sábháilte faoi rún.

I gcás éigeandála (agus/nó lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre), más rud é go ndealraíonn sé go bhfuil contúirt láithreach thromchúiseach ann do leanbh, ní mór tuairisc phráinneach a chur faoi bhráid Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) agus faoi bhráid an Teagmhálaí Ainmnithe. I gcás nach bhfuil fáil ar na baill foirne oiriúnacha de Tusla, ní mór dul i dteagmháil leis an nGarda Síochána **lena chinntiú nach bhfágfar leanbh i mbaol i gcás ar bith.**

Mínigh don duine a chuir an t-ábhar imní in iúl céard a tharlódh ina dhiaidh sin. Ba cheart duit a chur in iúl don duine ag a bhfuil amhras nó ábhar imní á chur in iúl nó ag a bhfuil líomhain á déanamh go gcuirfead a c(h) éannacht agus céannacht an chosantóra agus an ghearánaigh in iúl do na húdaráis reachtúla. Tabhair sonraí teagmhála an Teagmhálaí Ainmnithe don atreoraí ar eagla gur mhaith leis nó léi ceisteanna a chur níos déanaí. Níor cheart faisnéis ar an eachtra nó ar an ábhar imní a thabhairt d'aon duine eile lasmuigh dóibh siúd a bhfuil an fhaisnéis ag teastáil uathu, seachas na húdaráis reachtúla agus na húdaráis eaglasta iomchuí atá sonraithe sna nósanna imeachta seo.

Ba cheart a chur in iúl i scríbhinn don duine a dhéanann an cas a atreorú chuig an Teagmhálaí Ainmnithe go bhfuil an fhaisnéis curtha ar aghaidh chuig na húdaráis reachtúla. Mura ndearnadh amhlaidh, ba cheart míniú a thairfeadh (ní fhéadfar é sin a dhéanamh i gcás líomhaintí a dhéantar go hanaithnid).

Tá sé rithábachtach freagairt go hiomchuí do ghearánaigh lena chinntiú go mbraitheann siad go bhfuiltear ag éisteacht leo agus go bhfuil aird á tabhairt orthu.

Tá treoracha breise anseo thíos maidir leis na cásanna seo a leanas:

- Líomhain á déanamh ag leanbh.
- Líomhain á déanamh ag duine fásta.
- Líomhain á déanamh go hanaithnid.
- Duine a admhaíonn go ndearna sé/sí mí-úsáid ar leanbh.
- Duine ag déanamh líomhna nach mbaineann le duine den Eaglais.

## 2.4 Conas freagairt do leanbh a nochtann mí-úsáid

D'fhéadfadh leanaí a rá le duine fásta a bhfuil iontaobh acu ann/inti go bhfuil mí-úsáid á déanamh orthu. Is iomaí cúis a bhíonn leis sin, ach an rud is tábhachtaí ar fad ar gá cuimhneamh air ná go bhfuil an mhí-úsáid á cur in iúl acu sa tsúil go gcuirfead deireadh leis an mí-úsáid. Is fíor é sin, fiú más rud é go n-iarrann an leanbh nach ndéanfar aon rud bunaithe ar an bhfaisnéis sin.

Má insíonn leanbh duit go bhfuil mí-úsáid á déanamh, tá sé tábhachtach na rudaí seo a leanas a dhéanamh: **Éist,**



### Taifead agus Tuairiscigh.

- Fan socair agus éist. Tabhair an t-am don leanbh an méid is mian leis nó léi a rá a chur in iúl.
- Éist go cúramach agus go haireach, agus tabhair aird ar an leanbh.
- Ná cuir treoircheisteanna agus ná déan aon mholtaí.
- Ná cuir stop leis an leanbh agus é/i ag cuimhneamh ar eachtraí tábhachtacha.
- Ná cuir ceisteanna géara, agus ná iarr ar an leanbh an scéal a insint arís mura bhfuil gá leis.
- Ná léirigh aon tuairim ar an leanbh ná ar dhaoine muinteartha leis nó léi.
- Cuir an leanbh ar a s(h)uaimhneas go bhfuil an rud ceart á dhéanamh aige/aici.
- I gcás ina bhfuil sé oiriúnach d'aois an linbh, tabhair míniú soiléir simplí ar an nós imeachta a leanfar.
- Ná tabhair aon ghealltanais go gcoimeádfaidh tú faoi rún é.
- Mínigh gur gá duit an fhaisnéis a phlé le duine eile.
- Déan an nochtadh a bhreacadh síos agus cuir dáta leis chomh luath agus is féidir tar a éis sin, agus tabhair breac-chuntas ar an méid a dúirt an leanbh i dteanga an linbh féin.
- Ná déan dearmad nótaí pearsanta a choimeád den ghníomh a ghlac tú.
- Ná déan dearmad nach ortsa atá an dualgas iniúchadh a dhéanamh, ach ortsa atá sé Éisteacht, Taifeadadh agus Tuairisciú.
- Ná déan aon bhreithiúnas faoin nochtadh.
- Ba cheart tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh a chur ar an eolas, mura gcuirfeadh sé sin an leanbh i mbaol ní ba mhó.
- Tuairiscigh nochtadh an linbh do Theagmhálaí Ainmnithe na Deoise chomh luath agus is féidir agus ná pléigh na sonraí le haon duine eile.
- **Téigh i dteagmháil leis an nGarda Síochána agus le Tusla i gcásanna éigeandála ina ndealraíonn sé go bhfuil an leanbh i mbaol tromchúiseach láithreach.** (Tá sonraí teagmhála le fáil taobh istigh den chlúdach ar chúl.)



## 2.5 Freagairt d'ábhair imní / nochtuithe / líomhaintí ó dhuine fásta

Bíonn feidhm ag na treoirlínte sa chuid thuas freisin maidir le freagairt do dhuine fásta. Ina theannta sin, i gcás ina gcuireann duine fásta ábhar imní maidir le cosaint leanaí in iúl do dhuine, ba cheart dó/di an duine ag a bhfuil an t-ábhar imní á chur in iúl a spreagadh go láidir chun an t-ábhar imní a chur faoi bhráid na n-údarás reachtúil agus an Teagmhálaí Ainmnithe é nó í féin.

- Cibé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn ón duine ag a bhfuil an t-ábhar imní á chur in iúl é sin a thuairisciú, ba cheart a mhíniú dó/di gur gá an cás a chur faoi bhráid Teagmhálaí Ainmnithe sa deoise de réir bheartas na deoise, agus go ndéanfaidh an duine ag a bhfuil an t-ábhar imní á fháil an t-ábhar imní/nochtadh/líomhain a thuairisciú don Teagmhálaí Ainmnithe. Tuairisceoidh an Teagmhálaí Ainmnithe do na húdaráis reachtúla. (Tá sonraí teagmhála le fáil taobh istigh den chlúdach ar chúl.)

## 2.6 Freagairt do líomhain faoi mhí-úsáid a dhéantar go hanaithnid

- Ní mór gearáin a dhéantar go hanaithnid a láimhseáil go cúramach. B'fhéidir nach mbeadh daoine áirithe sásta a (h)aitheantas a chur in iúl ar an bpointe mar thoradh ar imní agus ar fhaitíos. Mar sin féin, ní mór gach líomhain, idir líomhaintí a dhéantar go hanaithnid agus líomhaintí eile, a thuairisciú don teagmhálaí ainmnithe. Cloífidh an Teagmhálaí Ainmnithe leis na nósanna imeachta chun an líomhain a chur faoi bhráid Tusla agus an Gharda Síochána. (Tá sonraí teagmhála le fáil taobh istigh den chlúdach ar chúl.)

## 2.7 Freagairt do dhuine a admhaíonn go ndearna sé/sí mí-úsáid ar leanbh

- Ní mór a chur in iúl do dhuine a admhaíonn cion in aghaidh linbh nó duine óg nach féidir an fhaisnéis sin a choinneáil faoi rún. Má admhaítear cion den sórt sin duit, fiú sa chás ina mbaineann sé le rud a tharla i bhfad ó shin, ní mór duit an cás a chur faoi bhráid an teagmhálaí ainmnithe gan mhoill. Cloífidh an Teagmhálaí Ainmnithe leis na nósanna imeachta chun an líomhain a chur faoi bhráid Tusla agus an Gharda Síochána. (Tá sonraí teagmhála le fáil taobh istigh den chlúdach ar chúl.)

## 2.8 Freagairt do dhuine ag déanamh líomhna nach mbaineann le duine den Eaglais

Cibé acu an mbaineann nó nach mbaineann ábhar imní cosanta leanaí le duine san Eaglais, tá freagracht ar gach duine sa chomhlacht eaglasta é sin a thuairisciú don teagmhálaí ainmnithe gan mhoill. Cloífidh an Teagmhálaí Ainmnithe leis na nósanna imeachta chun an líomhain a chur faoi bhráid Tusla agus an Gharda Síochána.

Tá sé ríthábhachtach gan dearmad a dhéanamh gurb é sábháilteacht agus leas gach linbh an rud is tábhachtaí ar fad in iniúchadh ar bith, agus **níor cheart riamh leanaí/daoine óga a chur i mbaol níos mó mar thoradh ar mhoill nó mar easpa gníomhaíochta.**

- Bíonn feidhm ag an nós imeachta caighdeánach tuairiscithe má chuirtear ábhar imní in iúl ar an gcaoi sin, ach ní gá dul níos faide in imscrúdú Eaglaise ná ní gá an cás a chur faoi bhráid an Bhoird Náisiúnta um Páistí a Chosaint san Eaglais Chaitliceach in Éirinn go foirmiúil. (Tá sonraí teagmhála le fáil taobh istigh den chlúdach ar chúl.)

## 2.9 Tuairisciú mí-úsáide agus Sacraimint an Athmhuintearais

Ní mór gach amhras, ábhar imní agus líomhain maidir le mí-úsáid leanaí a thuairisciú do na húdaráis reachtúla tríd an nós imeachta tuairiscithe. **Is ann d'eisceacht amháin ar an rial sin** agus is é sin má nochtar mí-úsáid le linn Shacraimint an Athmhuintearais.

Ní mór gach aon rud, gan eisceacht, a deirtear le linn Shacraimint an Athmhuintearais a choinneáil faoi rún docht, agus tá an ráthaíocht sin bunriachtanach chun iontaoibh a choinneáil sa tsacraimint. Séala na Faoistine a thugtar air sin, agus tugann sé ráthaíocht don aithríoch nach nochtfar do dhuine ar bith eile rud ar bith a deirtear leis an athair faoistine. Tá achoimre air sin le fáil i gCanóin 983 mar a léirítear thíos:

***“Ní féidir séala na faoistine a shárú; dá bhrí sin, tá cosc iomlán ar athair faoistine rún aithrígh a scaoileadh ar aon bhealach i bhfocail nó ar aon bhealach eile ná ar chúis ar bith.”***

### **Sainmhíniú ar an bhFaoistin**

Tá sainmhíniú soiléir sa dlí canónta ar a meastar a bheith iomchuí maidir le faoistin a éisteacht. Ba cheart é sin a úsáid mar an sainmhíniú le deimhniú ar tharla faoistin nó nár tharla:

- Canóin 964:
  - 1: Is é séipéal nó aireagal an áit cheart chun sacraimint na faoistine a éisteacht.
  - 2: Déanfaidh comhdháil na n-easpag noirm a bhunú maidir leis an bhfaoistin; beidh an chomhdháil an-aireach, áfach, go mbeidh gráta seasta i gcónaí idir an t-aithríoch agus an t-athair faoistine sa bhosca faoistine in áit oscailte, le gur féidir leis na creidmhigh úsáid a bhaint astu más mian leo.
  - 3: Ní éistfear faoistin lasmuigh de bhosca faoistine gan cúis chóir.

### **Nósanna imeachta i gcás aithríoch a nochtann mí-úsáid san fhaoistin**

Má nochtann aithríoch mí-úsáid san fhaoistin, ba cheart don athair faoistine na nithe seo a leanas a dhéanamh:

#### **I gcás aithríoch a ndearnadh mí-úsáid air/uirthi agus ar leanbh é/i:**

- a. Cuir an leanbh nó an duine óg ar a s(h)uaimhneas go lách agus abair leis/léi go raibh an ceart aige nó aici labhairt leat.
- b. Cuir i gcuimhne dó/di nach ndéanfaidh an t-athair faoistine rud ar bith a ndeirtear leis san fhaoistin a nochtadh lasmuigh den bhosca faoistine.
- c. Ba cheart don athair faoistine an leanbh nó an duine óg a spreagadh chun an mhí-úsáid a nochtadh do dhuine fásta a bhfuil iontaoibh aige nó aici ann nó don athair faoistine lasmuigh de shacraimint na faoistine.
- d. Má léiríonn an t-aithríoch go bhfuil fonn air/uirthi labhairt faoi lasmuigh den fhaoistin, tabhair le fios go soiléir nach féidir an rúndacht a ráthú maidir le mí-úsáid leanaí nuair a nochtar faisnéis lasmuigh den fhaoistin. Ba cheart don athair faoistine an nós imeachta tuairiscithe a leanúint ansin.

#### **I gcás aithríoch a ndearnadh mí-úsáid air/uirthi agus ar duine fásta é/i anois:**

- a. Cuir i gcuimhne don aithríoch nach ndéanfaidh an t-athair faoistine rud ar bith a ndeirtear leis san fhaoistin a nochtadh lasmuigh de Shacraimint an Athmhuintearais.
- b. Cuir comhairle air/uirthi maidir lena thábhachtaí atá sé dul i dteagmháil leis na húdaráis reachtúla a bhíonn ag plé leis na cúrsaí sin.
- c. Má léiríonn an t-aithríoch go bhfuil fonn air/uirthi labhairt faoi lasmuigh den fhaoistin, tabhair le fios go soiléir nach féidir an rúndacht a ráthú maidir le mí-úsáid leanaí nuair a nochtar faisnéis lasmuigh de Shacraimint an Athmhuintearais. Ba cheart don athair faoistine an nós imeachta tuairiscithe a leanúint ansin.

#### **I gcás aithríoch a admhaíonn go ndearna sé/sí mí-úsáid ar leanbh:**

- a. Cuir i gcuimhne don aithríoch nach ndéanfaidh an t-athair faoistine rud ar bith a ndeirtear leis san fhaoistin a nochtadh lasmuigh de Shacraimint an Athmhuintearais.
- b. Cuir comhairle láidir air/uirthi cabhair ghairmiúil a lorg (mar shampla comhairleoireacht, labhairt leis an dochtúir teaghlach) agus dul chuig na húdaráis reachtúla.
- c. Má léiríonn an t-aithríoch go bhfuil fonn air/uirthi labhairt faoi lasmuigh den fhaoistin, tabhair le fios go soiléir nach mbíonn feidhm ag séala na faoistine maidir le mí-úsáid leanaí nuair a nochtar faisnéis lasmuigh de Shacraimint an Athmhuintearais. Ba cheart don athair faoistine an nós imeachta tuairiscithe a leanúint ansin.

### **Leanaí/daoine óga a chosaint agus Sacraimint an Athmhuintearais**

Ba cheart gach iarracht a dhéanamh timpeallacht oscailte shlán, ina gcaomhnaítear séala na faoistine, a chur ar fáil do dhaoine atá ag freastal ar Shacraimint an Athmhuintearais.

## 2.10 Freagairt do ghearánach atá míshásta leis an gcaoi ar láimhseáil an Deoise a g(h)earán

Más rud é go bhfuil gearánach míshásta leis an gcaoi ar láimhseáil an Deoise a líomhain maidir le mí-úsáid, ní mór cloí leis an nós imeachta atá sonraithe i mBeartas agus i gCaighdeán na Deoise maidir le Cosaint Leanaí ar láithreán gréasáin na deoise (Caighdeán 2, 2.1H).

## 2.11 Crostagairt beartas agus nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí

### Pearsanra na hEaglaise ag ministreacht nó ag obair do chomhlacht eaglasta nó d'eagraíocht eile

- Sa chás go mbíonn daoine den Eaglais ag ministreacht nó ag obair do chomhlacht eaglasta lasmuigh den chomhlacht lena mbaineann siad féin, bíonn siad faoi cheangal ag nósanna imeachta an chomhlachta eaglasta sin, lena n-áirítear nósanna imeachta cosanta agus tuairiscithe.
- Sa chás go mbíonn daoine den Eaglais ag ministreacht nó ag obair d'eagraíocht sheachtrach eile, bíonn siad faoi cheangal ag nósanna imeachta na heagraíochta sin, lena n-áirítear nósanna imeachta cosanta agus tuairiscithe.

### Úsáid á baint as maoin na hEaglaise ag leanaí/daoine óga mar chuid de ghníomhaíocht a bhaineann leis an Eaglais in éineacht le baill foirne nó oibrithe deonacha ó eagraíocht sheachtrach

Tarlaíonn sé sin ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear scoileanna a thagann ar cuairt chuig an séipéal agus iad ag ullmhú do na sacraimintí, freastalaithe aifrin ag dul ón scoil chuig an séipéal agus ag filleadh ar an scoil arís, cóir scoileanna ag cleachtadh sa séipéal, agus grúpaí óige ar chúrsa spioradálta i maoin na hEaglaise atá á n-éascú ag pearsanra na hEaglaise.

Is cás ar leith é gach cás díobh sin, agus ba cheart iad a bhreithniú cás ar chás. Mar sin féin, i dtéarmaí ginearálta, bíonn feidhm ag beartas agus nósanna imeachta cosanta leanaí na heagraíochta atá freagrach as cúram na leanaí/daoine óga i rith na ghníomhaíochta.





Leanaí a Chosaint

---

# Caighdeán 3

# Cúram do Ghearánaigh



## Caighdeán 3 - Cúram agus tacaíocht don Ghearánach



**Ba cheart do phearsanra na hEaglaise freagairt go hatruach do dhaoine a dhéanann líomhain maidir le mí-úsáid leanaí, agus ba cheart rochtain ar chúram, ar chomhairle agus ar thacaíocht chuí a chur ar fáil dóibh. Tá an Caighdeán seo sonraithe go cuimsitheach i gCaighdeán 3 atá le fáil sa rannán cosanta ar láithreán gréasáin na deoise.**



Leanaí a Chosaint

---

# Caighdeán 4

## Bainistiú Freagróirí



## Caighdeán 4 - Cúram agus tacaíocht don fhreagróir, agus bainistiú an fhreagróra

Ba cheart rochtain ar chúram, ar chomhairle agus ar thacaíocht chuí a chur ar fáil do dhaoine a ndéantar líomhaintí maidir le mí-úsáid leanaí ina leith. Tá an Caighdeán seo sonraithe go cuimsitheach i gCaighdeán 4 atá le fáil sa rannán cosanta ar láithreán gréasáin na deoise.





# Caighdeán 5

## Oiliúint agus Tacaíocht

## Caighdeán 5 - Oiliúint agus tacaíocht chun leanaí/daoine óga a choinneáil sábháilte

### 5.0 Leibhéal oiliúna

- 1. Lá iomlán oiliúna:** Maireann an oiliúint seo lá amháin (nó sé uair an chloig) agus cuimsítear na ceithre réimse seo a leanas:
  - a. Na seacht gcaighdeán cosanta;
  - b. Céard is cosaint ann?
  - c. Aithint, freagairt agus tuairisciú;
  - d. An chaoi le leanaí a chosaint, agus na ról a bhaineann leis an gcosaint.
- 2. Seisiún faisnéise:** Bíonn na seisiúin sin níos giorra, agus cuimsítear iontu bunoiúint feasachta ar chosaint lena n-áirítear topaicí amhail na nósanna imeachta tuairiscithe atá ag teastáil faoi Chaighdeán 2.

### 5.1 Cé air a bhfuil oiliúint de dhíth?

- Cuirfear pearsanra ar fad na hEaglaise ar an eolas maidir le beartas agus nósanna imeachta cosanta na deoise, agus cuirfear oiliúint feasachta ar chosaint ar fáil dóibh atá oiriúnach dá ról.
- Maidir le daoine a mbíonn teagmháil rialta riachtanach acu le leanaí/daoine óga, iarrfar orthu an Fhoirm comhaontaithe maidir le cosaint do phearsanra uile na hEaglaise a shíniú (féach Aguisín - SG-03 Foirm comhaontaithe maidir le cosaint).
- Maidir le gach gníomhaíocht den Eaglais lena mbaineann leanaí/daoine óga, ní mór do cheannaire/chomhordaitheoir amháin ar a laghad freastal ar lá iomlán oiliúna.
- Ní mór do gach duine den chlér nó d'ord rialta freastal ar lá iomlán oiliúna.
- Baill foirne a bhfuil eochairphost freagrachta acu maidir le cosaint, ní mór dóibh freastal ar lá iomlán oiliúna (mar shampla teagmhálaí ainmnithe, comhairleoir, duine tacaíochta, duine ar an gcoiste cosanta, duine ar an bpainéal comhairleach, ionadaí áitiúil maidir le cosaint).
- Cuirfidh an Bord Náisiúnta um Páistí a Chosaint san Eaglais Chaitliceach in Éirinn oiliúint bhreise ar leibhéal náisiúnta ar fáil do phearsanra áirithe lena n-áirítear an t-easpag, teagmhálaithe ainmnithe, stiúrthóir/comhordaitheoir cosanta, oiliúnóirí cosanta, comhairleoirí, daoine tacaíochta, maoirseoirí srl.

### 5.2 Cathain is ceart athoiliúint a chur ar phearsanra?

Más rud é go ndéantar athruithe móra ar bheartas na hEaglaise nó an Stáit, beifear ag súil go gcuirfidh na hoiliúnóirí oiliúint nuashonraithe ar phearsanra nua agus ar phearsanra atá ann cheana féin.

Mura bhfuil gá le hoiliúint nuashonraithe, ba cheart athoiliúint a chur ar gach aon duine gach trí bliana ar a laghad. Faoin gcoiste cosanta leanaí atá sé planáil don chaoi a soláthraítear an oiliúint. Mar sin féin, is féidir an riachtanas a chomhlíonadh le seisiúin athnuachana níos giorra a chuirtear ar fáil níos rialta thar thréimhse trí bliana chun inneachar na hoiliúna lae a chlúdach

### 5.3 Feasacht ar chosaint leanaí a mhúscailt le leanaí/daoine óga agus le tuismitheoirí/caomhnóirí san Eaglais

Gné thábhachtach de chosaint leanaí/daoine óga is ea rannpháirtíocht leanaí/daoine óga agus tuismitheoirí/caomhnóirí i dtionscnaimh múscailte feasachta ar chosaint leanaí. Ba cheart do leanaí/dhaoine óga a bheith rannpháirteach go gníomhach i dtionscnaimh na hEaglaise maidir le cosaint leanaí nuair is féidir agus nuair is iomchuí.

Cabhraíonn rannpháirtíocht leanaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí chun leanaí/daoine óga agus tuismitheoirí/caomhnóirí a chumhachtú, chun feasacht ar chosaint leanaí a chur chun cinn, agus chun timpeallachtaí sábháilte a chruthú ina mbíonn cead ag leanaí/daoine óga ábhar imní a chur in iúl.

Tacaíonn tuairimí agus taithí leanaí/daoine óga leis na hiarrachtaí chun córais éifeachtacha cosanta leanaí a dhaingniú agus cultúr a chaomhnú ina mbíonn meas ar chearta leanaí/daoine óga sa tsochaí.

Tá ábhair chosanta iomchuí ar fáil chun cabhrú le paróistí leanaí/daoine óga agus tuismitheoirí/caomhnóirí a mhealladh i dtionscnaimh feasachta maidir le cosaint leanaí (féach an rannán maidir le cosaint ar láithreán gréasáin na deoise).

### 5.4 Tacaíocht do phearsanra chosanta

Tacaítear le gach duine a bhíonn ag plé le cosaint trí struchtúir chosanta na deoise .i. easpag, teagmhálaí ainmnithe, stiúrthóir chosanta, coistí chosanta srl.





## Leanaí a Chosaint

---



Leanaí a Chosaint

---

# Caighdeán 6

## Cumarsáid



## Caighdeán 6 – Teachtairacht chosanta na hEaglaise a chur in iúl

**Tá an deoise tiomanta don dea-chleachtas maidir le cosaint leanaí/daoine óga agus chun go mbeadh eolas forleathan agus tuiscint ar an mbeartas agus na nósanna imeachta cosanta leanaí ar bhealach oscailte trédhearcach. Aithníonn an deoise gur próiseas leanúnach é teachtairacht chosanta na deoise a chur in iúl, agus déanfaidh an deoise gach iarracht úsáid a bhaint as na modhanna go léir atá ar fáil chun an beartas agus na nósanna imeachta cosanta leanaí a chur in iúl chomh héifeachtach agus is féidir.**

### 6.0 Beartas cumarsáide

- Beidh cóip bhog de bheartas agus de chaighdeáin na deoise maidir le cosaint leanaí ar fáil do phearsana na hEaglaise sa rannán cosanta ar láithreán gréasáin na deoise.
- Beidh cóipeanna crua de lámhleabhar cosanta na deoise ar fáil freisin do gach paróiste agus gníomhaireacht deoise, agus tabharfar cóip freisin do gach duine a fhreastalaíonn ar oiliúint cosanta. Is féidir cóip bhog den lámhleabhar a íoslódáil ó láithreán gréasáin na deoise.
- Beidh fógra deoise maidir le cosaint leanaí/daoine óga ar taispeáint i ngach séipéal agus i ngach foirgneamh paróiste eile faoi choimirce na deoise a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu.
- Sonrófar san fhógra cosanta sin:
  - Ráiteas beartais na deoise maidir le cosaint leanaí ina sonraítear go soiléir tiomantas na deoise do chosaint leanaí/daoine óga agus ina léirítear go sonrach go dtugtar tús áite do leas an linbh.
  - Ainmneacha agus sonraí teagmhála an teagmhálaí ainmnithe nó na dteagmhálaithe ainmnithe don deoise.
  - Uimhreacha teagmhála do Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) sa deoise agus sa réigiún mórthimpeall.
  - Uimhir theagmhála don Gharda Síochána.
  - Sonraí teagmhála d’eagraíochtaí ábhartha eile.
  - Cuirfear gach paróiste ar an eolas má dhéantar aon athrú ar na sonraí ar an bhfógra sin, mar shampla sonraí an teagmhálaí ainmnithe.
- Gach duine a bhíonn ag obair le leanaí/daoine óga agus/nó daoine óga thar ceann na deoise/an pharóiste, cuirfear iad ar an eolas maidir le huimhreacha teagmhála do Tusla, don Gharda Síochána agus do Theagmhálaí/Theagmhálaithe Ainmnithe na deoise, agus maidir leis an bhfaisnéis ábhartha go léir eile i dtéarmaí comhairle, cabhrach agus tacaíochta.
- Foilseofar nuachtlitir dheoiseach maidir le cosaint go rialta ina mbeidh nuashonruithe agus forbairtí maidir le leanaí/daoine óga a chosaint sa deoise. Féadfar sonraí teagmhála an Teagmhálaí/na dTeagmhálaithe Ainmnithe agus Ráiteas Beartais na Deoise maidir le Cosaint Leanaí a chur sa nuachtlitir. Scaipfear an nuachtlitir ar gach limistéar eaglaise, i ngach paróiste sa deoise, agus foilseofar go leor cóipeanna le gur féidir í a chur ar fáil don phobal i gcoitinne. Foilseofar í freisin ar láithreán gréasáin na deoise.
- Fanfaidh an coiste cosanta i dteagmháil rialta le gach paróiste trí chruinniú rialta d’ionadaithe cosanta áitiúla agus de shagairt. Deis a bheidh sa chruinniú tacú leis na hionadaithe cosanta áitiúla agus na sagairt ina ról.
- Cuirfear oiliúint cosanta, múscailt feasachta, seisiúin faisnéise agus ionductú ar fáil ar bhonn rialta

do phearsanra ar fad an pharóiste a mbíonn teagmháil acu le leanaí/daoine óga trína ministreacht.

- Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas maidir le beartas na deoise trí fhoirmeacha toilithe do thuismitheoirí, cruinnithe, an láithreán gréasáin, an nuachtlitir, feasacháin, srl.
- Cuirfear leanaí/daoine óga ar an eolas ar a gceart a bheith sábháilte ó mhí-úsáid agus ar an duine lenar cheart dóibh labhairt dá mbeadh ábhar inmí acu. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh ar roinnt de na bealaí seo a leanas: oiliúint ionduchtúcháin, bileoga eolais atá dírithe ar leanaí, cruinnithe le tuismitheoirí agus leanaí/daoine óga, cláir scoile srl.
- Déanfaidh an coiste cosanta sa deoise iniúchadh bliantúil ar an gcleachtas sa pharóiste. Faoin ionadaí cosanta áitiúil i gcomhar leis an sagart paróiste a bheidh sé an t-iniúchadh bliantúil a chomhlánú agus a shíniú. Modh an-phraiticiúil atá san iniúchadh chun cumarsáid dhá bhealach a chur ar bun idir an coiste cosanta agus na paróistí.
- Beidh an deoise tiomanta do chumarsáid rialta leis an mBord Náisiúnta um Páistí a Chosaint san Eaglais Chaitliceach maidir leis na cúrsaí cosanta go léir.
- Beidh an deoise i dteagmháil rialta le hionadaithe ó Tusla agus ón nGarda Síochána.
- Iarrfaidh an deoise aiseolas ó phobal go léir na hEaglaise, leanaí/daoine óga san áireamh, agus spreagfaidh sí an pobal chun aiseolas a thabhairt. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí ghrúpaí fócais, cruinnithe, oiliúint, ionduchtú, ceistneoirí, boscaí moltaí, láithreán gréasáin, nuachtlitreacha, póstaer agus bileoga eolais atá dírithe ar leanaí srl.





Leanaí a Chosaint

---



# Caighdeán 7

## Dearbhú Cáilíochta

## Caighdeán 7 - Cáilíocht lena n-áirithítear comhlíonadh na gcaighdeán

### 7.0 Iniúchadh Áitiúil ar Chosaint

Tabharfaidh an deoise, trína coiste cosanta, faoi iniúchadh áitiúil ar chosaint gach bliain chun tacú le paróistí na cleachtais chosanta a chur i bhfeidhm. Cabróidh sé sin leis na limistéir sin a aithint a bhfuil aird nó acmhainní breise ag teastáil uathu. Is é an sagart i gcomhar leis an ionadaí cosanta áitiúil a dhéanfaidh an t-iniúchadh ar chosaint.

### 7.1 Athbhreithniú tréimhsiúil an Bhoird Náisiúnta um Páistí a Chosaint san Eaglais Chaitliceach

Déanfaidh an Bord athbhreithniú tréimhsiúil ar an dea-chleachtas sa deoise maidir le cosaint. Cuimseofar leis an bpróiseas sin athbhreithniú ar pharóistí ar leith. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfaidh gach paróiste an t-iniúchadh áitiúil ar chosaint a chomhlánú go cruinn gach bliain.

### 7.2 Tacaíocht do pharóistí agus cuairt chigireachta

Anuas ar an iniúchadh áitiúil ar chosaint a dhéanamh gach bliain, tabharfaidh an t-easpag nó an t-ionadaí a cheapfaidh sé cuairt ar an bparóiste go tréimhsiúil chun tacaíocht agus treoir a chur ar fáil maidir le gach a bhaineann leis an gcleachtas cosanta.



Leanaí a Chosaint

---

# Aguisín A



## SEIRBHÍS GRINNFHIOSRÚCHÁIN DHEOISÍ CHÚIGE AN IARTHAIR TREOIRLÍNTE DON IARRATASÓIR AR GHRINNFHIOSRÚCHÁN

### Ginearálta

- Ní mór don IARRATASÓIR Cuid 1 agus Cuid 2 den CHUIREADH CHUN GRINNFHIOSRÚCHÁIN a chomhlánú go hiomlán
- Ní mór do DHUINE TEAGMHÁLA NA HEAGRAÍOCHTA Cuid 3 a chomhlánú go hiomlán maidir leis an iarratasóir .i. (Easpag, Sagart, Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, nó Bainisteoir Gníomhaireachta)
- Nuair a bheidh gach cuid comhlánaithe, ba cheart an fhoirm a sheoladh ar ais chuig an seoladh seo a leanas: **SEIRBHÍS GRINNFHIOSRÚCHÁIN DHEOISÍ CHÚIGE AN IARTHAIR, IONAD TRÉADACH NA GAILLIMHE, BAILE NUA MHC GABHANN, CATHAIR NA GAILLIMHE**
- **NÁ SEOL** an fhoirm seo chuig an mBíúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin ná chuig aon Stáisiún Gardaí.
- Ní mór an fhoirm a chomhlánú ina hiomláine le **BLOCLITREACHA**, agus ní mór go mbeadh an scríbhneoireacht soiléir agus inléite.
- Ní mór peann gránbhiorach a úsáid chun an fhoirm a chomhlánú.
- Ní ghlacfar le fótachóipeanna.
- Beidh ar **gach iarratasóir doiciméid a chur ar fáil chun a (h)aitheantas a bhailíochtú.** Áireofar leo sin go hiondúil: **Pas nó ceadúnas tiomána bailí mar aon le bailíochtú ar an seoladh reatha .i. bille fóntais le déanaí, ráiteas bainc, srl.**
- Má tá an t-iarratasóir faoi bhun 18 mbliana d'aois, beidh **NVB 3 - Foirm Toilithe Tuismitheora/Caomhnóra** chomhlánaithe ag teastáil freisin. Is féidir an fhoirm sin a íoslódáil aisti féin.

### Cuid 1 - Eolas Pearsanta:

- Cuir isteach sonraí i ngach réimse, agus cuir bloclitir amháin i ngach bosca.
- Maidir leis an **Dáta breithe**, cuir aon uimhir amháin i ngach bosca san fhoirmáid LLMBBBBB.
- Cuir isteach do **sheoladh ríomhphoist**, agus cuir aon charachtar/siombail amháin i ngach bosca. Úsáid an dara líne más gá gan aon bhearna a fhágáil. Tá sé riachtanach seoladh ríomhphoist a chur ar fáil mar is chuig an seoladh ríomhphoist sin a chuirfear an cuireadh chun an Fhoirm Ríomh-Ghrinnfhiosraithe a líonadh.
- Ní mór uimhir theagmhála a thabhairt, agus cuir uimhir amháin i ngach bosca.
- Is gá an **Ról á ghrinnfhiosrú** a shonrú go soiléir. Ní leor téarmaí ginearálta amhail ‘oibrí deonach’, mar sin is gá a bheith níos sonraí. Mar shampla, Maoirseoir ar Dhaoine Óga, Cúntóir Riachtanas Speisialta, Sagart, Ceannaire Cóir, srl.
- Ciallaíonn an **Seoladh Reatha** an seoladh ag a bhfuil cónaí ort faoi láthair, agus ba cheart é a chomhlánú go hiomlán, ÉIRCHÓD/CÓD POIST san áireamh. Ná húsáid giorrúcháin.

### Cuid 2 - Toiliú agus Síniú an Iarratasóra

- Ní mór don Iarratasóir a léiriú go dtuigeann sé/sí an ráiteas agus go nglacann sé/sí leis trí thic a chur sa bhosca, an Fhoirm a shíniú, agus dáta a chur leis i gCuid 2.

### Cuid 3 - Faisnéis faoin Eagraíocht:

- **Níor cheart ach** do DHUINE TEAGMHÁLA NA HEAGRAÍOCHTA an chuid seo a chomhlíonadh i leith an Iarratasóra .i. Easpag/Sagart/Cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta/Bainisteoir Gníomhaireachta.
- Cuir isteach sonraí i ngach réimse de réir mar is cuí.
- Maidir le hUimhir Rolla na Scoile, ba cheart é sin a chur isteach i gcás ina bhfuil an Iarratasóir ag cur isteach ar ról i scoil.
- Ní mór do DHUINE TEAGMHÁLA NA HEAGRAÍOCHTA a dheimhniú go bhfuil doiciméid curtha ar fáil ag an Iarratasóir lena (h)aitheantas a bhailíochtú trí thic a chur sa bhosca, an Fhoirm a shíniú, agus dáta a chur leis i gCuid 3.
- Ba cheart don eagraíocht cóipeanna de na doiciméid a cuireadh ar fáil chun aitheantas an Iarratasóra a bhailíochtú **a choimeád**. **Níor cheart iad a sheoladh** chuig Oifig Sheirbhís Grinnfhiosrúcháin Chúige an Iarthair.

## Seirbhís Grinnfhiosrúcháin Dheoisí Chúige an Iarthair Cuireadh chun Grinnfhiosraithe

Uimh. thag:

Líon isteach le **BLOCLITREACHA** agus seol an fhoirm ar ais chuig an seoladh seo a leanas:  
**SEIRBHÍS GRINNFHIOSRÚCHÁIN DHEOISÍ CHÚIGE AN IARTHAIR, IONAD TRÉADACH NA GAILLIMHE, BAILE NUA MHC GABHANN, CATHAIR NA GAILLIMHE**  
**NÁ SEOL** an fhoirm seo chuig an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin ná chuig aon Stáisiún Gardaí

### Cuid 1 - Eolas Pearsanta

Faoi Alt 26(b) den Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012, is cion é chun ráiteas bréagach a dhéanamh chun críche nochtadh grinnfhiosraithe a fháil.

<b>Réamhainm(neacha)</b>	
<b>Dara hainm:</b>	
<b>Sloinne:</b>	
<b>Dáta breithe:</b>	L L / M M / B B B B
<b>Seoladh ríomhphoist:</b>	
<b>Uimhir theagmhála:</b>	
<b>An ról á ghrinnfhiosrú:</b>	
<b>Seoladh reatha:</b>	
Líne 1:	
Líne 2:	
Líne 3:	
Líne 4:	
Líne 5:	
<b>Éirchód / cód poist:</b>	

### Cuid 2 – Toiliú agus Síniú an Iarratasóra

Sholáthair mé doiciméid chun m'aitheantas a bhailíochtú de réir mar ba ghá agus toilmse do bheartú an iarratais seo agus do nochtadh faisnéise ag an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin leis an Duine Idirchaidrimh de bhun Alt 13(4)(e) de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 chuig 2016.

Cuir tic:

Síniú an Iarratasóra:

Dáta:

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

**Seirbhís Grinnfhiosrúcháin Dheoisí Chúige an Iarthair Cuireadh chun Grinnfhiosraithe**

Uimh. thag:

Líon isteach le BLOCLITREACHA agus seol an fhoirm ar ais chuig an seoladh seo a leanas:  
**SEIRBHÍS GRINNFHIOSRÚCHÁIN DHEOISÍ CHÚIGE AN IARTHAIR, IONAD TRÉADACH NA GAILLIMHE, BAILE NUA MHC GABHANN, CATHAIR NA GAILLIMHE**  
**NÁ SEOL** an fhoirm seo chuig an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin ná chuig aon Stáisiún Gardaí

**Cuid 3 - Faisnéis faoin Eagraíocht**

<b>Ainm na hEagraíochta ag a bhfuil grinnfhiosrúchán á iarraidh</b> <i>(Deoise/Paróiste/Scoil/Gníomhaireacht Deoise)</i>	
<b>Duine Teagmhála</b> <i>(Easpag/Sagart/Cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta/Bainisteoir Gníomhaireachta)</i>	
<b>Seoladh na hEagraíochta</b>	
<b>Seoladh ríomhphoist an duine teagmhála:</b>	
<b>Uimhir theagmhála:</b>	
<b>Uimhir Rolla (do scoileanna amháin):</b>	

Tá doiciméid\* curtha ar fáil ag an Iarratasóir chun a (h)aitheantas a bhailíochtú de réir na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016

Cuir tic:  Liosta de na doiciméid atá curtha ar fáil:

Síniú an Duine Teagmhála:

Dáta

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

**Nótaí:**

\*Ní mór a chuimsiú le fianaise bhailí ar aitheantas doiciméad aitheantais a bhfuil grianghraf air, fianaise ar dháta breithe, agus fianaise ar an seoladh reatha, mar shampla pas mar aon le bille fóntais reatha.

**Ba cheart don Duine Teagmhála é seo a chur ar ais**

**chuig:**

**AN RIARTHÓIR GRINNFHIOSRÚCHÁIN  
SEIRBHÍS GRINNFHIOSRÚCHÁIN CHÚIGE AN IARTHAIR  
IONAD TRÉADACH DHEOISE NA GAILLIMHE  
BAILE NUA MHC GABHANN  
CATHAIR NA GAILLIMHE**



Aitheantas	Scór	Cuir tic
Ceadúnas tiomána Éireannach nó ceadúnas foghlaimeora (formáid nua cárta creidmheasa)	80	
Cárta seirbhísí poiblí Éireannach	80	
Pas (ó thír na saoránachta)	70	
Deimhniú Eadóirseachta Éireannach	50	
Teastas breithe	50	
Cárta ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce	50	
Cárta aitheantais náisiúnta do shaoránaigh an AE, an LEE agus na hEilvéise	50	
Ceadúnas tiomána Éireannach nó ceadúnas foghlaimeora (seanfhoráid páipéir)	40	
<b>Aitheantas fostaíochta</b>		
<ul style="list-style-type: none"> <li>Cárta aitheantais atá eisithe ag an bhfostóir (ar a bhfuil ainm agus seoladh)</li> </ul>	35	
<ul style="list-style-type: none"> <li>Cárta aitheantais atá eisithe ag an bhfostóir (nach bhfuil air ach an t-ainm amháin)</li> </ul>	25	
<b>Litir ón bhfostóir</b> (le dhá bhliain anuas)		
<ul style="list-style-type: none"> <li>Deimhniú den ainm agus den seoladh</li> </ul>	35	

Aitheantas	Scór	Cuir tic
P60, P45 nó duillín pá (ar a bhfuil an seoladh baile)	35	
Bille fóntais, mar shampla gás, leictreachas, teilifís, leathanbhanda (sa 6 mhí seo a chuaigh thart. Glacfar le billí ar líne atá priontáilte. Ní ghlacfar le billí fóin póca.)	35	
Cárta seirbhíse poiblí/cárta seirbhísí sóisialta/cárta liachta	25	
<ul style="list-style-type: none"> <li>A bhfuil grianghraf air</li> </ul>	40	
Ráiteas ó bhanc / chumann foirgníochta / comhar creidmheasa	35	
Cártaí creidmheasa/dochair nó pasleabhair (ceann amháin in aghaidh na heagraíochta)	25	
Aoiscárta náisiúnta (eisithe ag an nGarda Síochána)	25	
<b>Cárta ballraíochta</b>		
<ul style="list-style-type: none"> <li>Club, ceadchumann nó cumann trádála, comhlachtaí gairmiúla</li> </ul>	25	
<ul style="list-style-type: none"> <li>Institiúid oideachais</li> </ul>	25	
<b>Comhfhreagras</b>		
<ul style="list-style-type: none"> <li>Ó institiúid oideachais/SUSI/an Lár-Oifig Iontrála</li> </ul>	20	
<ul style="list-style-type: none"> <li>Ó chuideachta árachais maidir le polasaí gníomhach</li> </ul>	20	
<ul style="list-style-type: none"> <li>Ó bhanc nó comhar creidmheasa, nó comhlacht rialtais nó gníomhaireacht stáit</li> </ul>	20	



Aitheantas	Scór	Cuir tic
<b>Leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois (ceann ar bith díobh seo a leanas)</b>		
<ul style="list-style-type: none"> <li>Teastas breithe</li> </ul>	100	
<ul style="list-style-type: none"> <li>Pas</li> </ul>	100	
<ul style="list-style-type: none"> <li>Ráiteas i scríbhinn ón bPríomhoide ina ndeimhnítear go bhfuil an leanbh ag freastal ar institiúid oideachais ar pháipéar ceanteidil na hinstitiúide sin</li> </ul>	100	
<b>Daoine atá tagtha go hÉirinn le déanaí (níos lú ná 6 seachtaine ó shin)</b>		
<ul style="list-style-type: none"> <li>Pas</li> </ul>	100	
<b>Ní féidir leis an duine atá á ghrinnfhiosrú 100 pointe a bhaint amach**</b>		
<ul style="list-style-type: none"> <li>Mionnscríbhinn a dhéantar os comhair Coimisinéir Mionnaí</li> </ul>	100	
<b>IOMLÁN</b>		

## SEICLIOSTA EARCAÍOCHTA AGUS ROGHNÚCHÁIN

<b>Teagmháil le leanaí</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cén cineál teagmhála le leanaí a bheidh i gceist leis an bpost?</li> <li>• An mbeidh teagmháil gan mhaoirsiú le leanaí i gceist leis an bpost, nó an bhfuil ról iontaoibhe i gceist leis?</li> <li>• Cé na cineálacha eile teagmhála a bheidh ag an duine le leanaí, mar shampla ríomhphost, teileafón?</li> </ul>	
<b>Sainmhíniú ar an ról</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ar breithníodh na tascanna agus na scileanna riachtanacha don phost?</li> <li>• An dtagraítear sa chur síos ar an bpost d'obair le leanaí agus do bheith freagrach as leanaí?</li> </ul>	
<b>Príomhchritéir roghnúcháin</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ar forbraíodh liosta cáilíochtaí, scileanna agus taithe atá idir bhunriachtanach agus inmhianathe?</li> </ul>	
<b>Iarratas i scríbhinn</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ar iarradh ar gach iarratasóir faisnéis i scríbhinn a chur ar fáil, lena n-áirítear sonraí pearsanta, agus taithe reatha nó roimhe seo ar obair nó ar obair dheonach?</li> <li>• Ar forbraíodh foirmeacha iarratais?</li> </ul>	
